NOAC
National Oversight and Audit Commission

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022



# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **6** |
| **Achoimre Fheidhmeach** | **8** |
| **Comhaltas CNFI** | **10** |
| **Beathaisnéisí na gComhaltaí amhail** | **11** |
| **Meithleacha CNFI** | **14** |
| **Próiseas Grinnscrúdaithe CNFI** | **23** |
| **Rannpháirtíocht CNFI** | **41** |
| **Acmhainní agus Caiteachas** | **43** |

**Aguisíní:**

| | |
|---|---|
| *Téarmaí Tagartha CNFI* | 44 |

# Conas a Oibríonn Muid



# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **CNFI** | An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú & Iniúchóireacht |
| **SIRÁ** | Seirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil |
| **GBRÁ** | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| **CBCC** | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach |
| **RCPA** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| **ARÁÉ** | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann |
| **FR** | An Foras Riaracháin |
| **IÉCP** | Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí |
| **ORGA** | Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **OFÁ** | Oifigí Fiontraíochta Áitiúla |
| **ÚÁ** | Údarás Áitiúil |
| **BTC** | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe |
| **UFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **CL** | Coibhéis Lánaimseartha |
| **CPÉ** | Comhlachtaí Poiblí na hÉireann |
| **DTL** | Dearbháin um Thrádáil ar Líne |
| **LCAF** | An Lárionad um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise |
| **CCP** | Cód Caiteachais Phoiblí |
| **DC** | Dearbhú Cáilíochta |



# Ráiteas an Chathaoirligh

**Thar ceann an Bhoird, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht don bhliain féilire dar críoch an 31 Nollaig 2022 a thíolacadh.**

Is í seo an naoú Tuarascáil Bhliantúil de chuid CNFI ó bunaíodh é in 2014 agus is cúis mhór sásaimh agus bróid dom an sár- obair atá déanta ag CNFI le linn na bliana thar a bheith rathúil arís don earnáil rialtais áitiúil a chur i láthair.

Leis an sainchúram reachtúil atá aige maidir le formhaoirsiú a dhéanamh ar an earnáil rialtais áitiúil, lean CNFI ag cinntiú go soláthraíonn rialtas áitiúil luach ar airgead, go spreagann sé dea-ghnás agus go gcoimeádann sé prionsabail an dea-rialachais chun tosaigh.

Tar éis na fadhbanna agus na dúshláin nach bhfacthas riamh cheana a tugadh dúinn go léir le Covid, ba cheart na leibhéil leanúnacha atá bainte amach ag údaráis áitiúla a admháil agus iad ag cur lena n-iarrachtaí chun freastal ar na héilimh neamhghnácha seo. In 2022, tháinig dúshláin bhreise chun cinn, maidir le cabhrú leo siúd a bhí ag taisteal ón Úcráin a bhí sractha le cogadh socrú agus comhtháthú in Éirinn, teacht ar réitigh nuálacha chun dul i ngleic leis an ardú suntasach ar chostais lena n-áirítear costais tógála agus laghdú ar sholáthairtí tithíochta chun freastal ar éilimh.

Agus deireadh curtha leis na srianta, bhí bord CNFI in ann teacht le chéile go pearsanta agus lean siad le meascán de chruinnithe ar líne agus i bpearsa a bheith acu.

Ina theannta sin, baineadh úsáid as teicneolaíocht maidir le cruinnithe Grinnscrúdaithe Chéim 1 agus Chéim 2 agus bhí tionchar an-dearfach aige ar an gcaoi a ndéanaimid ár ngnó. Mar shampla, bhí CNFI in ann sé chruinniú Grinnscrúdaithe Chéim 1 a reáchtáil le Comhairlí Chathair na Gaillimhe, Chontae na Gaillimhe, an Chabháin, Liatroma, Chathair Bhaile Átha Cliath agus Loch Garman agus reáchtáladh cruinnithe Chéim 2 le Comhairlí Fhine Gall, Chathair na Gaillimhe, Loch Garman agus Liatroma ar líne. Tá na cruinnithe seo ríthábhachtach i bhfeidhmiú fheidhm CNFI agus cruthaítear leo go bhfuil siad chun leasa na n-údarás áitiúil lena mbaineann agus don CNFI.

Tá iarracht chomhfhiosach déanta ag CNFI dul i dteagmháil le go leor dár bpáirtithe leasmhara. Cruinniú suntasach amháin ab ea CNFI a bhí mar óstach ar cheardlann an-tarraingteach do Chathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta i mí Lúnasa. Dhírigh an imeacht seo ar roinnt cur i láthair agus ar phlé ceardlainne maidir le príomhdhúshláin agus rioscaí don earnáil rialtais áitiúil.

Reáchtáil CNFI a Seimineár bliantúil ar Dhea-Ghnás i mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhí lúcháir orainn imeacht i bpearsa agus ar líne a óstáil i gCaisleán Chill Chainnigh, lenar bailíodh go leor suime agus mhéadaigh suim ar líne go suntasach i gcomparáid le 2021. Is pointe fócasach é an t-imeacht seo i bhféilire CNFI agus cuireann sé deis iontach ar fáil chun dea- ghnás a thaispeáint san earnáil rialtais áitiúil, ceadaíonn sé obair den sórt sin a roinnt agus a atáirgeadh agus tá tionchar dearfach suntasach aige ar Éirinn.

Ina theannta sin, rinne CNFI óstáil ar imeacht dea-ghnáis i mí na Samhna ar phleanáil chorparáideach, monatóireacht agus cur i bhfeidhm. Bhí go leor cur i láthair suimiúil ag an imeacht seo ar ról an Phlean Chorparáidigh agus ról na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, eispéiris údarás áitiúil agus Speisialtóirí i bPleanáil Chorparáideach ar phleanáil chorparáideach sa saol atá ag athrú.

Chuir CNFI tuarascálacha iomadúla agus éagsúla ar fáil i rith na bliana. Is díol suntais go háirithe na tuarascálacha grinnscrúdaithe lena soláthraítear saibhreas eolais ar na húdaráis áitiúla aonair agus lena léirítear conas a úsáidtear tuarascálacha CNFI eile, lena n-áirítear na sonraí maidir le Tuarascáil ar an Táscaire Feidhmíochta. Tá na tuarascálacha seo agus na tuarascálacha eile a cuireadh le chéile liostaithe thíos.

Le linn an phróisis chun an t-ochtú tuarascáil bhliantúil CNFI ar Tháscairí Feidhmíochta a tháirgeadh, tionóladh sé chruinniú bailíochtaithe pearsanta le húdaráis áitiúla.

Chuaigh CNFI i dteagmháil le go leor dá bpáirtithe leasmhara eile lena n-áirítear ORP, ARÁÉ, Tionóil Réigiúnacha agus Comhchoiste an Oireachtais.

Chun deireadh a chur le bliain ghnóthach, ghlac an Bord freisin lena Straitéis Chumarsáide a chuirfidh tús lena chéim feidhmiúcháin in 2023.

Tháinig Fiona Quinn in ionad beirt chomhaltaí boird, Mary Hurley, ceapaí an Aire, agus d'éirigh Philomena Poole as an mbord i rith na bliana. Ba mhaith liom an deis a thapú buíochas a ghabháil leo as a gcuid ama, a dtiomantas, a gcuid saineolais agus a rannchuidithe le CNFI agus gach rath a ghuí orthu.

Mar is gnách, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Rúnaíocht CNFI as a dtiomantas, a gcuid oibre crua agus a dtacaíocht leanúnach do Bhord CNFI. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na Príomhfheidhmeannaigh agus comhordaitheoirí na sonraí maidir le táscaire feidhmíochta ó na húdaráis áitiúla.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Malcom Noonan T.D., an tAire Stáit um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chomh maith leis an gCllr. Pat Fitzpatrick, Uachtarán ARÁÉ agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, as freastal ar Sheimineár Dea- Ghnáis CNFI agus as na hóráidí tosaigh a thabhairt.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis na comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus ranna eile a bhí i dteagmháil le CNFI chun tacú lena chlár oibre le linn 2022. Táim ag tnúth le cur leis na héachtaí go dtí seo agus le clár oibre an-uaillmhianach do 2023.

**Michael McCarthy**
Cathaoirleach

5 Aibreán 2023

# Achoimre Fheidhmeach

**D'fhaomh comhaltaí CNFI an tuarascáil seo ar an 29 Márta 2023.**

Is í seo an naoú tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht, lena gclúdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

Bunaíodh CNFI in 2014 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách chun formhaoirsiú a dhéanamh ar earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn. Is príomhghné den chlár oibre um athchóiriú an rialtais áitiúil é a d'eascair as na tograí a leagtar amach sa Chlár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtach agus a bhfuil an tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014, mar bhonn agus mar thaca aige.

Cuirtear tuarascálacha agus moltaí CNFI i láthair do phríomhchinnteoirí san earnáil rialtais áitiúil chomh maith leis an gComhchoiste ábhartha de Thithe an Oireachtais.

I rith 2022, d'fhoilsigh CNFI roinnt tuarascálacha agus doiciméad agus d'óstáil sé ceardlanna agus cruinnithe lena n-áirítear:

- Tuarascáil ar an Táscaire Feidhmíochta 2021
- Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2021
- Seimineár ar Dhea-Ghnás 2022
- Treoirlínte agus Ceardlann maidir le Tuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2021
- Cathaoirligh Cheardlann Choiste Iniúchóireachta na 31 údarás áitiúil
- Seimineár ar Dhea-Ghnás sa Phleanáil Chorparáideach in Údaráis Áitiúla
- Ceithre Thuarascáil Ghrinnscrúdaithe, sé chruinniú Chéim 1 agus ceithre chruinniú Chéim 2 mar chuid den Phróiseas Grinnscrúdaithe.
- Tionóladh cruinnithe le Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann, le hOifig an Rialtóra Pleanála, leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, agus leis an Aonad Faisnéise Rialtais Áitiúil.
- Críochnaíodh Straitéis Chumarsáide CNFI
- Forbraíodh Pacáiste Ionduchtúcháin cuimsitheach do chomhaltaí nua

Déanann ceithre mheitheal an chuid is mó d'obair CNFI, a bunaíodh chun díriú ar réimsí ar leith agus chun tionscadail éagsúla a chur chun cinn. Is iad seo ná:

| | |
|---|---|
| **WG1:** | Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil |
| **WG2:** | Táscairí Feidhmíochta |
| **WG3:** | Cumarsáid agus Suirbhé Custaiméirí |
| **WG4:** | Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht |

Is é an Cathaoirleach a dhéanann obair eile de chuid CNFI agus, go háirithe, an Próiseas Grinnscrúdaithe.

I mí na Bealtaine 2022, d'fhreastail Cathaoirleach CNFI, Michael McCarthy, in éineacht le Ciarán Hayes, comhalta boird, agus Claire Gavin, Ceann na Rúnaíochta, ar Chomhchoiste an Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht. Tugadh cuireadh chun Tuarascáil Bhliantúil 2021 CNFI a phlé. Tugadh breac-chuntas ar obair CNFI le linn 2021 agus pléadh é agus soláthraíodh sonraí faoina ról i leith na gcoistí iniúchóireachta rialtais áitiúil agus SIRÁ.



*Ó chlé go deas: Niall Quinn (comhalta boird CNFI), Noel Harrington (comhalta boird CNFI), Declan Breathnach (comhalta boird CNFI), Claire Gavin (Ceann Rúnaíocht CNFI), Malcom Noonan T.D., an tAire Stáit um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Michael McCarthy (Cathaoirleach CNFI), Brian Cawley (comhalta boird CNFI) agus Ciarán Hayes (comhalta boird CNFI).*

Ina theannta sin, phléigh an Coiste tuarascálacha a chuir CNFI le chéile i rith na bliana lena n-áirítear táirgeadh a Thuarascála ar Tháscaire Feidhmíochta, an Próiseas Grinnscrúdaithe agus tuarascálacha gaolmhara eile. Clúdaíodh raon leathan ábhar lena n-áirítear rannpháirtíochtaí a bhí ag CNFI in 2021 agus rannpháirtíochtaí leanúnacha in 2022 amhail an cheardlann le comhaltaí de choistí iniúchóireachta agus leis an ARÁÉ. Is féidir sonraí iomlána an chruinnithe a fháil ag www.oireachtas.ie.

I mí Lúnasa 2022, d'óstáil CNFI ceardlann de chuid an Choiste Iniúchóireachta inar tugadh le chéile ionadaithe ó choistí iniúchóireachta éagsúla na n-údarás áitiúil, SIRÁ agus CNFI. Tugtar deis leis an ócáid forbhreathnú a sholáthar ar obair CNFI, coistí iniúchóireachta na rialtas áitiúil agus SIRÁ chomh maith le deis a thabhairt do phlé oscailte ar na príomhdhúshláin agus rioscaí atá os comhair na hearnála rialtais áitiúil.

D’óstáil CNFI a cúigiú seimineár maidir le Dea-Ghnás sa Rialtas Áitiúil, i gcomhar leis an GBRÁ agus CBCC, ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 i gCaisleán Chill Chainnigh. Bhí an ócáid mar chuid de sheachtain Nuálaíochta RCPA. Reáchtáladh an seimineár mar imeacht i bpearsa agus ar líne.

I mí na Samhna 2022, d’fhoilsigh CNFI a Thuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2021, an t-ochtú tuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta CNFI go dtí seo.

Áiríodh sa tuarascáil seo athbhreithniú bailíochtaithe ar shé údarás áitiúla maidir le cruinneas agus iontaofacht sampla táscairí.

I mí na Samhna 2022, d’óstáil CNFI imeacht Pleanála Corparáidí inar bhailigh ionadaithe ó na húdaráis áitiúla éagsúla atá freagrach as pleanáil chorparáideach chun dea-ghnás a phlé maidir le cruthú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm pleananna corparáideacha. Bhí plé painéil i gceist leis an imeacht freisin le hionadaithe ó Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (ARÁÉ), roinnt údarás áitiúil, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus comhairleoirí a bhfuil saineolas acu sa réimse seo.

I mí na Samhna 2022 freisin, d’fhoilsigh CNFI an Cód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil. Is éard atá i gceist leis seo ná an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta Rialtais Áitiúil a thiomsú agus a ullmhú faoin gCód Caiteachais Phoiblí. D’fhorbair RCPA an Cód Caiteachais Phoiblí agus cuimsítear ann sraith rialacha agus nósanna imeachta lena gcinntítear go seastar le caighdeáin ar fud na seirbhíse poiblí in Éirinn agus lena dtugtar le chéile, in aon áit amháin, sonraí faoi oibleagáidí na ndaoine atá freagrach as airgead poiblí a chaitheamh.

# Comhaltas CNFI

## Tá comhaltas CNFI forordaithe go reachtúil mar íosmhéid de sheisear agus uasmhéid de naonúr comhaltaí.

Ag deireadh 2022 bhí ochtar comhalta boird ar Bhord CNFI.

D'fhág comhalta boird amháin, Mary Hurley, an bord i rith na bliana chun glacadh le ról nua agus tháinig Fiona Quinn mar ainmní an Aire ina háit, ar thosaigh a téarma ar an 17 Bealtaine 2022. Ina theannta sin, d'éirigh comhalta boird eile, Philomena Poole, as an mbord amhail an 31 Nollaig 2022 agus beidh próiseas chun a post ar an mbord a líonadh ar bun go luath in 2023.

Ó thaobh cothromaíocht inscne de, bhí cóimheas 66.66% go 33.33% fireannach le baineann ag comhaltas CNFI do bheagnach 2022 ar fad.

Ó thaobh na staire de, tá treochtaí an- dearfach le sonrú i gcóimheas inscne an bhoird ó 2014 i leith agus bhain an comhaltas cóimheas inscne 40% amach don chuid is mó dá shaolré. Déanta na fírinne, bhain an bord cóimheas fireann go baineann 50% agus 50% amach do na blianta 2016-2020 agus is éard a bhí ann ná tromlach chomhaltas na mban in 2020 le cóimheas 43% go 57% fireann go baineann.

Maidir le cothromaíocht agus éagsúlacht inscne CNFI, tá ionadaíocht inscne mar chuid lárnach den phróiseas agus comhaltaí boird á gceapadh.

**Is iad seo a leanas na comhaltaí agus sonraí a dtéarmaí:**

### Comhaltaí agus sonraí a dtéarmaí

| Ról | Comhalta | Ceaptha | Deireadh an Téarma Reatha | Tinreamh ar chruinnithe boird |
|---|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Michael McCarthy | 24/09/2018 | 23/09/2023 | 8/8 |
| **Comhaltaí** | Fiona Quinn | 17/05/2022 | 16/05/2027 | 5/5 |
| | Brian Cawley | 04/09/2020 | 03/09/2023 | 5/8 |
| | Niall Quinn | 04/09/2020 | 03/09/2023 | 7/8 |
| | Margaret Lane | 04/09/2020 | 03/09/2023 | 6/8 |
| | Declan Breathnach | 28/04/2021 | 27/04/2024 | 5/8 |
| | Noel Harrington | 28/04/2021 | 27/04/2024 | 6/8 |
| | Ciarán Hayes | 01/07/2021 | 30/06/2024 | 8/8 |
| | Philomena Poole | 01/07/2021 | 31/12/2022 | 7/8 |
| | Mary Hurley | 21/07/2020 | 16/05/2022 | 1/3 |

### Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon CNFI go mór an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain 2021.

# Beathaisnéisí na gComhaltaí amhail

## ón 31 Nollaig 2022



### **Michael McCarthy,** Cathaoirleach

**Dátaí Téarma: 24 Meán Fómhair 2018 – 23 Meán Fómhair 2023.**

Is Stiúrthóir é Michael de chuid Cloud Infrastructure Ireland. Ceapadh é ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht i Meán Fómhair 2018. Bhí sé ina TD tofa do thoghcheantar Chorcaí Thiar Theas ó 2011 go 2016. Is iarchomhalta de Choiste um Chuntais Phoiblí na Dála é. Toghadh chuig Seanad Éireann é don tréimhse 2002-2011. Bhí Michael ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999 go 2003.



### Brian Cawley

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Bhí Brian ina Ard-Stiúrthóir ar an bhForas Riaracháin (FR) agus faoi láthair oibríonn sé mar chomhairleoir neamhspleách in athchóiriú na hearnála poiblí agus i gceannaireacht agus i mbainistíocht athruithe, ag obair le raon leathan cliant in Éirinn, sa CE agus go hidirnáisiúnta. Tá taithí fhairsing aige ag obair le rialtas láir agus áitiúil in Éirinn. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Leicester é Brian agus tá MSc aige in Oiliúint agus Forbairt agus Dochtúireacht sna hEolaíochtaí Sóisialta.



### Margaret Lane

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Is oiliúnóir feidhmiúcháin í Margaret agus tá taithí fhairsing aici ar airgeadas agus AD ar fud na n-earnálacha tráchtála, leathstáit agus poiblí. Tá post aici mar Stiúrthóir Straitéiseach AD, Ervia (Máthairchuideachta do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann). I measc na bpost a bhí aici roimhe seo tá Róil Feidhmiúcháin AD, Bord Gáis Group agus Comhairle Cathrach Chorcaí. I measc a post eile, tá sí ina comhalta de Choiste Iniúchta an NSSO agus tá taithí luachmhar aici mar go bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta in Oifig an Ombudsman faoi láthair.



## Niall Quinn

**Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Is abhcóide agus Idirghabhálaí Creidiúnaithe é Niall. Sular thosaigh sé ag cleachtadh ag an mBarra agus a chuid oibre mar idirghabhálaí bhí sé ina speisialtóir cumarsáide straitéiseach ar feadh 20 bliain. Is iar-Uachtarán é ar Instiitiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (IÉCP) agus Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chumann na gComhairleoirí um Chaidreamh Poiblí, leanann sé ag léachtóireacht i gcumarsáid straitéiseach agus cumarsáid ghéarchéime ag an IÉCP agus ag gabháil do thascanna cumarsáide straitéiseacha. Bhain sé céim BSc (Mgmt) ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath amach, rinne sé staidéar ar an dlí in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath agus glaodh chun an Bharra é in 2015.



## Declan Breathnach

**Dátaí Téarma:** 28 Aibreán 2021 - 27 Aibreán 2024.

Bhí Declan ina chomhalta den Choiste Buiséid agus Maoirseachta Parlaiminte, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Forfheidhmithe Chomhaontú Aoine an Chéasta agus ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhlachas Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann. Bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Contae Lú ó 1991 go 2016 agus ag fónamh mar Theachta Dála do Lú ó 2016 go 2020. Is iarmhúinteoir bunscoile agus iar-phríomhoide é Declan, agus tá os cionn 40 bliain de sheirbhís phoiblí aige.



## Noel Harrington

**Dátaí Téarma:** Aibreán 2021 - 27 April 2024.

Tá Noel ina Bhainisteoir Oifige agus ina Mháistir Poist ag An Post, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí faoi láthair. Bhí sé ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999 go dtí 2011 agus ina chomhalta tofa de Dháil Éireann ag fónamh ó 2011 go 2016. I measc a róil roimhe seo bhí; Comhalta de Choiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Phoiblí agus Achainíocha, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chorcaí, Cathaoirleach Údarás Réigiúnach an Iar-Dheiscirt, Cathaoirleach Grúpa Beartais Chorparáidigh Chontae Chorcaí agus Comhalta de Bhord Fiontraíochta Áitiúil Iarthar agus Thuaisceart Chorcaí.



## Ciarán Hayes

**Dátaí Téarma:** 1 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2024.

Is bunaitheoir agus Príomhoide ar Ciarán Hayes Consultancy Ltd. é Ciarán, cuideachta a bunaíodh tar éis dó dul ar scor mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Shligigh ar an 1 Eanáir 2021. Agus é ag críochnú le Sligeach, d'oibrigh sé i gcúig údarás áitiúla thar ghairm 42 bliain agus ba iad na Comhairlí roimhe sin ná Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Átha Cliath agus Bardas Dhún Laoghaire. Tá Céim BA aige i mBainistíocht Phoiblí, Ard-Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta agus chríochnaigh sé Comhaltacht Shinsearach in Ollscoil Harvard agus taighde á dhéanamh aige ar athrú aeráide i mí na Nollag 2022. Chomh maith lena ról mar Phríomhfheidhmeannach i Sligeach, bhí sé i gceannas ar fhreagairt an Rialtais Áitiúil ar an Athrú Aeráide agus ar bhunú Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA).



## Fiona Quinn

**Dátaí Téarma:** 17 Bealtaine 2022 – 16 Bealtaine 2027.

Is Oifigeach an Aire agus Rúnaí Cúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í Fiona. Tá Fiona freagrach as an Rannán Rialtais Áitiúil a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an chláir oibre um éifeachtacht agus nuachóiriú don earnáil rialtais áitiúil.



## Philomena Poole

**Dátaí Téarma:** 1 Iúil 2021 – 31 Nollaig 2022.

Is iar-Phríomhfheidhmeannach í Philomena Poole ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (ar scor i mBealtaine 2021). Roimhe sin bhí sí ina Bainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Lú. Sna róil seo bhí Philomena freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil an chontae tar éis breis is 40 bliain a chaitheamh i rialtas áitiúil. Bhí sé ríthábhachtach do na róil seo foirne móra a threorú chun cláir shuntasacha bonneagair agus shóisialta a sheachadadh chomh maith le hathrú eagraíochta a spreagadh. D'oibrigh sí ar chláir cheannaireachta agus ar thionscnaimh dhaonchairdis le Co-Operation Ireland agus tá Máistreacht aici san Oiliúint Fheidhmeach.

# Meithleacha CNFI

## Úsáideann CNFI Meithleacha chun formhór na hoibre a dhéanamh trí thionscadail éagsúla a chur chun cinn.

**Meithleacha CNFI**

| Teideal | Cód | Comhaltas 2022 |
|---|---|---|
| **An Mheitheal um Phróiseas Grinnscrúdaithe** | CATHAOIRLEACH | **Michael McCarthy** |
| **An Mheitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil** | WG1: RÉARÁ | Brian Cawley *Cathaoirleach* |
| | | Niall Quinn |
| | | Declan Breathnach |
| | | Ciarán Hayes |
| **An Mheitheal um Tháscairí Feidhmíochta** | WG2: TF | Philomena Poole* *Cathaoirleach* |
| | | Brian Cawley |
| | | Noel Harrington |
| **An Mheitheal um Chumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí** | WG3: CSC | Niall Quinn *Cathaoirleach* |
| | | Margaret Lane |
| | | Philomena Poole* |
| | | Declan Breathnach |
| **An Mheitheal um Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht** | WG4: BAF | Margaret Lane *Cathaoirleach* |
| | | Fiona Quinn** |
| | | Mary Hurley* |
| | | Ciarán Hayes |

*seasann sé go ndeachaigh téarma an chomhalta seo in éag le linn 2022.
**seasann sé gur cuireadh tús le téarma an chomhalta seo le linn 2022

# WG1:

# An Mheitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil

## Ról

Is é ról na Meithle um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil cabhrú le feidhmeanna CNFI faoi alt 126C(1)(d), (e), (f) agus (g) den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014. Áirítear leo na tascanna seo a leanas:

- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chloí le haon chomhaontú i ngeall le comhaontú seirbhíse a rinne comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann comhlachtaí rialtais áitiúil beartas náisiúnta i bhfeidhm i ndáil leis an rialtas áitiúil.
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóiriú na seirbhíse poiblí ag comhlachtaí rialtais áitiúil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht an phlean chorparáidigh arna ullmhú ag Tionól Réigiúnach agus ag Comhairle.

## Cruinnithe

Tháinig WG1 le chéile séhuairele linn 2022.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 03 Feabhra 2022 |
| 2. | 13 Aibreán 2022 |
| 3. | 15 Meitheamh 2022 |
| 4. | 14 Meán Fómhair 2022 |
| 5. | 12 Deireadh Fómhair 2022 |
| 6. | 14 Nollaig 2022 |



*Ó chlé go deas: Uachtarán ARÁÉ agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh Pat Fitzpatrick agus Brian Cawley, comhalta boird CNFI.*

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022

### Rannpháirtíocht le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann

Príomhghníomhaíocht don CNFI is ea dul i dteagmháil le hionadaithe tofa chun feasacht a ardú ar ghníomhaíochtaí CNFI agus saincheisteanna ábhartha a phlé.

Chuir WG1 tús leis an bpróiseas seo le cruinniú le hUachtarán ARÁÉ i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba é a bhí i gceist leis an gcruinniú ná malartú faisnéise ar obair an dá mheitheal, ar ról maoirseachta CNFI, lena n-áirítear pleananna le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta le comhaltaí tofa.

### Dea-Ghnás sa Phleanáil Chorparáideach in Údaráis Áitiúla

Ag leanúint ar Athbhreithniú CNFI ar Phleananna Corparáideacha 2019-2024, d'eagraigh an mheitheal ceardlann ar Dhea-Ghnás sa Phleanáil Chorparáideach ar an 30 Samhain 2022, i gcomhar leis an meitheal um Chumarsáid agus Suirbhé Custaiméirí (WG3).

D'fhreastail an-chuid daoine ar an gceardlann agus rinne roinnt údarás áitiúil, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ionadaithe tofa agus saineolaithe gairmiúla sa phleanáil chorparáideach cur i láthair ar an dea-ghnás is fearr sa phleanáil chorparáideach.

Thug an imeacht réamhrá ar ról na bpleananna corparáideacha in údaráis áitiúla agus scrúdaíodh taithí na n-údarás áitiúil maidir leis na pleananna sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ina dhiaidh sin bhí plé painéil ar fhorbairt bhreise an dea-ghnáis sa réimse seo.

### Comhaontú Seirbhíse

Mar chuid d'obair WG1, socraíodh go ndéanfadh CNFI suirbhé chun líon agus cineálacha na gComhaontuithe Seirbhíse a bhfuil na húdaráis áitiúla ina bpáirtithe acu a chinneadh. Tá tuilleadh oibre sa réimse seo beartaithe do 2023.

**Príomhghníomhaíocht don CNFI is ea dul i dteagmháil le hionadaithe tofa chun feasacht a ardú ar ghníomhaíochtaí CNFI agus saincheisteanna ábhartha a phlé.**

# WG2:

# An Mheitheal um Tháscairí Feidhmíochta

## Ról

Is é ról an ghrúpa seo ná maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh tuarascáil bhliantúil ar tháscairí feidhmíochta na n-údarás áitiúil. Is éard atá i gceist leis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí agus treoir chuí d'údaráis áitiúla, cinneadh a dhéanamh ar an bpróiseas fíoraithe ar cheart a chur i bhfeidhm ar na sonraí a cuireadh isteach agus tráchtaireacht CNFI ar na sonraí tiomsaithe a dhréachtú, chomh maith le haon fheidhmeanna leantacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

Bunaíodh an grúpa i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus baineann sé le feidhm CNFI faoi alt 126C(1)(a) den Acht Rialtais Áitiúil chun: -

**(a)** grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcoinne nó i gcomparáid le haon ábhar táscach (dá ngairtear 'táscairí ábhartha' sa Chuid seo):

(i) A mheasann an Coimisiún gurbh iomchuí tagairt a dhéanamh dó (lena n-áireofar ábhair táscacha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí), nó

(ii) A d'fhéadfadh an tAire a fhorordú le rialacháin chun críche na míre seo

Clúdaíonn obair na meithle go pointe áirithe réimsí feidhmíochta airgeadais na n-údarás áitiúil (Alt 126C(1)(b)).

### Cruinnithe

Tháinig WG2 le chéile cúig huaire le linn 2022.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 23 Feabhra 2022 |
| 2. | 07 Aibreán 2022 |
| 3. | 05 Bealtaine 2022 |
| 4. | 27 Meitheamh 2022 |
| 5. | 22 Meán Fómhair 2022 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2021

### Táscairí Feidhmíochta

Ceann de phríomhfheidhmeanna CNFI is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon údaráis áitiúil i gcoinne, nó i gcomparáid le, táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí.

Cuimsíonn na táscairí feidhmíochta roinnt luachanna intomhaiste lena léirítear cé chomh héifeachtach agus atá údarás áitiúil agus a phríomhchuspóirí á mbaint amach aige.

In 2022, foilsíodh an t-ochtú tuarascáil táscairí feidhmíochta. Mar chuid d'ullmhú na tuarascála, breithníonn agus athbhreithníonn an Mheitheal táscairí agus téann sí i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile maidir le feabhsuithe nó athruithe a d'fhéadfaí a ionchorprú ina tuarascáil.

### Tuarascáil ar na Táscairí Feidhmíochta (TF) 2021

Thiomsaigh an mheitheal na treoirlínte don tuarascáil go luath in 2022 bunaithe ar athruithe sa mhodheolaíocht do tháscairí reatha agus ar fhorbairt táscairí nua. Ar an 23 Feabhra 2022, reáchtáil CNFI Ceardlann ar líne do chomhordaitheoirí ó gach údarás áitiúil ar threoirlínte thuarascáil 2021.

Maidir le tuarascáil 2021, scrúdaigh CNFI 42 táscaire ar leith a chlúdaigh 11 cheannteideal. Roghnaítear táscairí feidhmíochta agus déantar iad achatagóiriú chun príomhfheidhmeanna an rialtais áitiúil a léiriú mar thithíocht, bóithre, uisce, dramhaíl/comhshaol, pleanáil, seirbhísí dóiteáin, leabharlann/áineas, óige/pobal, corparáideach, airgeadas agus forbairt eacnamaíoch. Admhaíonn an Coimisiún, áfach, nach léiríonn siad an raon iomlán agus leathan seirbhísí a sholáthraíonn comhairlí cathrach agus contae ar fud an Stáit.

Sainaithníodh dhá tháscaire tástála freisin chun sonraí a thaifeadadh i réimsí an Athraithe Aeráide agus na Forbartha Eacnamaíochta. Déanfar na sonraí don dá tháscaire seo a thuairisciú agus a athbhreithniú chun aird a tharraingt ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis na táscairí.

Ina theannta sin, rinne CNFI roinnt táscairí a bheachtú chun soiléire a fheabhsú agus chun an fhaisnéis a ghabháil ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo sa roinn Tuarascálacha agus Buaicphointí. Tá an tuarascáil iomlán agus na treoirlínte ar fáil ar www.noac.ie.

## Gníomhaíochtaí Eile na Meithle

### Creat Táscaire Feidhmíochta CNFI

Tar éis dhá bhliain de chruinnithe bailíochtaithe ar líne, cuireadh tús arís in 2021 le cuairteanna bailíochtaithe i bpearsa. Bhuail comhaltaí CNFI le Príomhfheidhmeannaigh agus le foirne bainistíochta sinsearacha de shé údarás áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí a soláthraíodh sa tuarascáil agus chun saincheisteanna feidhmíochta foriomlána agus a dtaithí ar an bpróiseas táscairí agus a thorthaí a phlé.

Fuair comhaltaí an Choimisiúin forbhreathnú gairid freisin ar an gcomhthéacs ina bhfuil údaráis áitiúla ag feidhmiú faoi láthair, ar na dúshláin agus ar na tosaíochtaí atá acu.

Mar chuid den athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta seo ar shonraí, roghnaíodh Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Chontae Chorcaí, Mhaigh Eo, Chill Chainnigh, an Longfoirt agus Chill Mhantáin.

Roghnaíodh sé tháscaire feidhmíochta le haghaidh athbhreithnithe, arna gcinneadh ag WG2 agus lena gcuimsítear táscairí nua nó iad siúd nár roghnaíodh roimhe seo agus táscaire tithíochta amháin ar a laghad.

**Athraíonn na táscairí gach bliain agus is iad na cinn a roghnaíodh do 2021 ná:**

**Tithíocht H4:**
Costais Dhíreacha a ghabhann le Cothabháil Tithíochta

**Pleanáil P2:**
Líon nó céatadán de chinntí pleanála daingnithe ag an mBord Pleanála

**Bóithre R3:**
Céatadán na n-idirbheart Mótarchánach a rinneadh ar líne

**Tine F3:**
Céatadán ama inar freastalaíodh ar láithreacha

**An Óige/Pobal Y1:**
Rannpháirtíocht sa scéim Comhairle na nÓg

**Forbairt Eacnamaíoch J2:**
Dearbháin um Thrádáil ar Líne

# WG3:

# An Mheitheal um Chumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí

## Ról

Is é tasc na Meithle seo feidhmeanna CNFI a chur i gcrích faoi alt 126C(1) (a) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, is é sin feidhmíocht údaráis áitiúil a ghrinnscrúdú i gcoinne táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus faoi alt 126C(1)(c) chun tacú le forbairt agus feabhsú dea- ghnáis.

Tá an Mheitheal ar an eolas faoina n-idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara seachtracha. Trí shuíomh gréasáin noac.ie tá sruth seasta faisnéise curtha in iúl do pháirtithe leasmhara.

Don bhliain 2022, bhí méadú 19.2% ar úsáideoirí an tsuímh gréasáin le 4,570 úsáideoir ar an suíomh, méadú ar fhigiúr 2021 de 3,831. Leanfaidh CNFI ag obair sa réimse seo sna blianta amach romhainn.

### Cruinnithe

Tháinig WG3 le chéile sé huaire le linn 2022.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 07 Eanáir 2022 |
| 2. | 22 Márta 2022 |
| 3. | 26 Bealtaine 2022 |
| 4. | 20 Iúil 2022 |
| 5. | 07 Meán Fómhair 2022 |
| 6. | 15 Meán Fómhair 2022 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022

### Seimineár ar Dhea-Ghnás sa Phleanáil Chorparáideach in Údaráis Áitiúla

Seachadadh Meitheal um Sheimineár ar Dhea-Ghnás sa Phleanáil Chorparáideach in Údaráis Áitiúla in éineacht leis an Meitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil (WG1) agus tá sonraí faoin imeacht seo san áireamh i roinn WG1 thuas.

### Straitéis Chumarsáide

Thug an Mheitheal faoi Straitéis Chumarsáide a fhorbairt don CNFI.

Is éard a bhí i gceist leis an gcéad chéim ná cleachtadh léarscáilithe na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt chun gach páirtí leasmhar ábhartha de chuid CNFI a dhearbhú. Críochnaíodh é seo go luath in 2022 agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin CNFI agus déantar é a nuashonrú ar bhonn rialta.

Tar éis an phróisis sin, eisíodh tairiscint i mí na Bealtaine 2022 chun Straitéis Chumarsáide a fhorbairt. Mar chuid den phróiseas seo, reáchtáladh ceardlann leis an Meitheal ag baint úsáid as cleachtadh léarscáilithe na bpáirtithe leasmhara. Ina theannta sin, rinneadh suirbhé ar pháirtithe leasmhara spriocdhírithe CNFI agus chuir an obair seo le forbairt Straitéis Chumarsáide CNFI.

Rinne Bord CNFI an Straitéis deiridh a scaipeadh agus a fhaomhadh i Nollaig 2022.

### Suirbhéanna Sásaimh Custaiméirí

Ó 2018-2020, choimisiúnaigh CNFI Ipsos MRBI chun suirbhé trí bliana a dhéanamh i measc an phobail i gcoitinne chun a shástacht lena n-údarás áitiúil a fháil amach. Aistríodh an fheidhm chun suirbhéanna a dhéanamh amach anseo trí chomhaontú chuig GBRÁ. Bhuail CNFI leis an GBRÁ dhá uair in 2022 chun an obair a phlé agus chun ionchur a sholáthar do Shuirbhé Custaiméirí 2022. Tá an teagmháil leis an GBRÁ ar siúl go leanúnach.

### Seimineár ar Dhea-Ghnás i Rialtas Áitiúil

D'óstáil CNFI a cúigiú seimineár maidir le Dea-Ghnás sa Rialtas Áitiúil, i gcomhar leis an GBRÁ agus CBCC, ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 i gCaisleán Chill Chainnigh.

Is príomhimeacht é an Seimineár don CNFI agus d'údaráis áitiúla araon chun teacht le chéile, cur i láthair agus plé a dhéanamh ar réimsí agus ar thionscadail dea-ghnáis ar féidir leo saol na ndaoine ina bpobail a fheabhsú chomh maith leis an bhféidearthacht tionscadail eiseamláireacha a chur i bhfeidhm in údaráis áitiúla.

Reáchtáladh imeacht 2022 mar chuid de sheachtain Nuálaíochta RCPA a d'ardaigh próifíl an imeachta a thuilleadh. Ina theannta sin, bhí ionadaí ó RCPA mar chathaoirleach ar cheann de na seisiúin ar an lá agus tá súil ag CNFI leanúint leis an gcaidreamh seo do Sheimineár na bliana seo chugainn.

Ba iad Malcom Noonan, T.D., Aire Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin, sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Uachtarán ARÁÉ agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh Pat Fitzpatrick a chuir tús leis an Seimineár. D'fhreastail Príomhfheidhmeannaigh, pearsanra rialtais áitiúil agus ionadaithe tofa ó na 31 údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara eile air ar líne agus go pearsanta.

Thaispeáin an t-imeacht féin raon nuálaíochtaí údaráis áitiúil thar réimsí casta suimiúla ar nós dróin, RGCS, pobail inbhuanaithe a thógáil, réitigh a sholáthar do chibearbhagairtí, spreagadh a thabhairt do chomhroinnt réitigh TF, daoine soghonta sa phobal agus géarchéim na hÚcráine.

Tá sonraí na dtionscadal go léir a taispeánadh san áireamh i nóta achomair sa tuarascáil faoi Bhuaicphointí agus Gníomhaíochtaí. Tá gearrthóga físe de na cainteoirí agus na tionscadail go léir ar an suíomh gréasáin www.noac.ie.




*Ó chlé go deas - Cathaoirleach CNFI Michael McCarthy, Uachtarán ARÁÉ agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh Pat Fitzpatrick agus an tAire Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin Malcom Noonan T.D.*

NOAC National Oversight and Audit Commission

# WG4:

# An Mheitheal um Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht

## Ról

Bunaíodh an mheitheal seo i mí Eanáir 2020 agus ghlac sí róil na meithle roimhe seo maidir le:

- Feidhmíocht Airgeadais;
- Cód Caiteachais Phoiblí.

Baineann obair na meithle le feidhm CNFI faoi alt 126C(1)(b), (e) agus (f) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014:

**(b)** Grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, lena n-áirítear maidir le luach ar airgead, aon chomhlacht rialtais áitiúil, maidir leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil di;

**(e)** Maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann comhlachtaí rialtais áitiúil beartas náisiúnta i bhfeidhm i ndáil leis an rialtas áitiúil;

**(f)** Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóiriú na seirbhíse poiblí (lena n-áirítear éifeachtúlachtaí feabhsaithe) ag comhlachtaí rialtais áitiúil go ginearálta nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil nó aicme comhlachtaí dá leithéid.

Ina theannta sin, is é ról na meithle seo ná an Tuarascáil Bhliantúil um Dhearbhú Cáilíochta an Rialtais Áitiúil faoin gCód Caiteachais Phoiblí a thiomsú agus a ullmhú.

### Cruinnithe

Tháinig WG4 le chéile ceithre huaire le linn 2022.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 19 Eanáir 2022 |
| 2. | 16 Márta 2022 |
| 3. | 06 Bealtaine 2022 |
| 4. | 31 Lúnasa 2022 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022

### Cód Caiteachais Phoiblí

D'fhorbair RCPA an Cód Caiteachais Phoiblí agus baineann sé le gach comhlacht poiblí a fhaigheann cistí poiblí. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn caitheamh go cúramach le cistí poiblí agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

Tiomsaíodh gach ceann de na 31 Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta agus foilsíodh an t-ochtú tuarascáil faoin gCód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil ar shuíomh gréasáin CNFI ar an 25 Samhain 2022.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo san áireamh sa roinn Tuarascálacha agus Buaicphointí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar an suíomh gréasáin www.noac.ie.

## Rannpháirtíocht le Coistí Iniúchóireachta

Ar an 31 Lúnasa, reáchtáil an mheitheal ceardlann le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta na n-údarás áitiúil. Ba é seo an chéad rannpháirtíocht fhoirmiúil mar mheitheal agus d'fhreastail comhaltaí CNFI, ionadaithe ó naoi gcoiste déag de Choistí Iniúchóireachta éagsúla agus an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil air. Tugtar deis leis forbhreathnú a sholáthar ar obair CNFI, dearcadh Coistí Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil, agus obair na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil chomh maith le deis a thabhairt do phlé oscailte ar na príomhdhúshláin agus rioscaí atá os comhair na hearnála rialtais áitiúil.

Bhí plé ann maidir le hábhair amhail rioscaí agus dúshláin mhóra atá á n-aithint, stóinseacht na gcóras, na scileanna agus na n-acmhainní reatha laistigh d'údaráis áitiúla chun rioscaí agus dúshláin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, laigí agus feabhsuithe agus moltaí maidir le conas a d'fhéadfadh CNFI agus Coistí Iniúchóireachta róil a chéile a chomhlánú agus comhar a fheabhsú. Fuarthas aiseolas iontach maidir le húsáideacht an imeachta agus tá teagmháil leanúnach le CNFI á hiarraidh.

**Chuir CNFI na 31 Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta le chéile mar chuid den ochtú tuarascáil faoin gCód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil**

# Próiseas Grinnscrúdaithe CNFI

## Athbhreithniú ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil aonair

**I mí Feabhra 2017, thosaigh CNFI, de réir a fheidhmeanna reachtúla, ag athbhreithniú fheidhmíocht na n-údarás áitiúil aonair.**

Faoi 2022, is é Cathaoirleach nó malartach CNFI a bheidh i gceannas ar an bpróiseas i gcónaí, le tacaíocht ó chomhaltaí CNFI agus ón Rúnaíocht.

Mar a leagadh amach sna blianta roimhe seo, úsáidtear na tuarascálacha próifíle mar phointe tosaigh chun léargas iomlán a fháil ar an údarás áitiúil. Díorthaítear an fhaisnéis ó fhoinsí cosúil le torthaí thuarascálacha táscairí feidhmíochta, tuarascálacha iniúchóireachta SIRÁ, an staid airgeadais agus tuarascálacha feidhmíochta bailithe ioncaim.




Úsáidtear faisnéis freisin ó chigireachtaí na hearnála cíosa príobháidí, sonraí maidir le bainistiú agus cothabháil stoc tithíochta, suirbhéanna ar shásamh custaiméirí agus aon sonraí ábhartha eile lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na sonraí atá sna tuarascálacha CNFI a foilsíodh go dtí seo. Nuair a bhíonn an tuarascáil phróifíle ullmhaithe, cuirtear ar aghaidh í chuig Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil ábhartha mar bhonn do chruinniú Chéim 1 ar féidir a thionól in oifig an údaráis áitiúil ábhartha nó trí chruinniú ar líne.

### Cruinnithe Chéim 1 agus Chéim 2 a tionóladh in 2022

| Údarás Áitiúil (ÚÁ) | Cruinnithe Chéim 1 | Cruinnithe Chéim 2 |
|---|---|---|
| Comhairle Contae Fhine Gall | Deireadh Fómhair 2021 | Márta 2022 |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Márta 2022 | Deireadh Fómhair 2022 |
| Comhairle Contae an Chabháin | Meitheamh 2022 | Márta 2023 |
| Comhairle Contae Liatroma | Meitheamh 2022 | Deireadh Fómhair 2022 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Meitheamh 2022 | Eanáir 2023 |
| Comhairle Contae Loch Garman | Meán Fómhair 2022 | Deireadh Fómhair 2022 |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | Meán Fómhair 2022 | Le tionól in 2023 |

Ina theannta sin, tionóltar an dara cruinniú, nó cruinniú Chéim 2, idir an Príomhfheidhmeannach, cuid d'fhoireann bainistíochta an údaráis áitiúil nó iad go léir agus bord CNFI a cheadaíonn ceisteanna agus scrúdú breise a dhéanamh ar an údarás áitiúil agus a chuid oibríochtaí.

Mar a aibhsítear sa tábla thuas, bhí cruinnithe Chéim 1 ag CNFI le Comhairlí Chathair na Gaillimhe, Chathair Bhaile Átha Cliath, an Chabháin, Liatroma, Loch Garman agus Contae na Gaillimhe in 2022.

Ina theannta sin, tionóladh cruinnithe Chéim 2 le Comhairlí Contae Fhine Gall, Chathair na Gaillimhe, Loch Garman agus Liatroma in 2022.

Cuirtear miontuairiscí na gcruinnithe go léir agus aon chur i láthair ar fáil ar shuíomh gréasáin CNFI agus tá cruinnithe eile Chéim 2 le Comhairlí Chathair Bhaile Átha Cliath, Chontae an Chabháin agus Chontae na Gaillimhe beartaithe in 2023.

Táirgeadh máistirthuarascáil in 2021, inar leagadh amach sonraí an phróisis ghrinnscrúdaithe go dtí seo. Ina theannta sin, táirgeadh 22 tuairisc aonair ar gach ceann de na húdaráis áitiúla a ghlac páirt i gcruinnithe Chéim 1 agus Chéim 2 araon.

Chuir na cruinnithe seo ar chumas CNFI na tosaíochtaí éagsúla a mheas gach údarás áitiúil a bhí ábhartha dá gcuid saoránach a fheiceáil agus conas a sháraigh siad dúshláin éagsúla agus conas a oibríonn siad i gcomhar le húdaráis áitiúla eile, le comhlachtaí stáit agus le páirtithe leasmhara.

In 2022, áiríodh ar na tuarascálacha grinnscrúdaithe a foilsíodh:

- Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Fhine Gall
- Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Liatroma
- Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Loch Garman

## Buaicphointí agus Sonraí Thuarascálacha CNFI arna bhFoilsiú in 2022

**Mar is gnách, bhí bliain ghníomhach ag CNFI i réimse na bhfoilseachán. Tá liosta thíos de na tuarascálacha a foilsíodh le linn 2022. Is féidir iad seo a íoslódáil ag www.noac.ie.**

### Tuarascálacha CNFI arna bhfoilsiú le linn 2022

| Ainm | Uimhir na Tuarascála | Dáta foilsithe |
|---|---|---|
| Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 48 | Feabhra 2022 |
| Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Fhine Gall | 49 | Meitheamh 2022 |
| Tuarascáil CNFI ar an Táscaire Feidhmíochta 2021 | 50 | Samhain 2022 |
| Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2021 | 51 | Samhain 2022 |
| Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Liatroma | 52 | Nollaig 2022 |
| Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | 53 | Nollaig 2022 |
| Tuarascáil Iniúchóireachta Chomhairle Contae Loch Garman | 54 | Nollaig 2022 |




## Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2021:

## Tuarascáil Uimh 50

D'fhoilsigh CNFI an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil ar Tháscairí Feidhmíochta i mí na Samhna 2022. Tá forbairt tagtha ar an tuarascáil ó foilsíodh den chéad uair í in 2014 agus, i mbliana, thuairiscigh CNFI ar 42 táscaire faoi 11 cheannteideal. Thaifead na táscairí seo gníomhaíocht na n-údarás áitiúil maidir le gnéithe áirithe dá bhfeidhmeanna fadréimseacha chun faisnéis oibiachtúil a sholáthar faoina bhfeidhmíocht.

Agus an tuarascáil á foilsiú aige, chomhlíon CNFI a fheidhm maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht údaráis áitiúil i gcoinne táscairí ábhartha.

D'aithin CNFI na deacrachtaí a bhí ag an earnáil maidir le sainscileanna a earcú amhail innealtóireacht, TFC agus cumarsáid mar gheall ar shocruithe sealadacha conartha.

Le rochtain ar chomhlacht chomh fairsing sin de shonraí agus d'fhaisnéis bunaithe ar fheidhmíocht atá sa Tuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta, is féidir le húdaráis áitiúla na torthaí a úsáid chun a bpróisis a chuíchóiriú nuair is gá, monatóireacht níos cruinne a dhéanamh ar réimsí éagsúla feidhmíochta agus tuiscint a fháil ar a dtorthaí ar leibhéal níos doimhne, níos aonair chun próiseas feabhsúcháin leanúnaigh a chumasú. Ní hamháin go gcuireann an t-eolas seo ar chumas na n-údarás áitiúil a gcuid feidhmíochta a rianú le himeacht ama, cuidíonn sé leo a bhfeidhmíocht a chur i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile a bhfuil próifíl agus méid comhchosúil acu chun a bhfeidhmíocht féin a thomhas.

Is bealach úsáideach é fianaise ar dhea- ghnás agus traschur foghlama don CNFI chun dea-ghnás a spreagadh agus a chur chun cinn agus is féidir go leor den fhaisnéis a bhailítear a úsáid mar chuid den phróiseas Grinnscrúdaithe agus den Seimineár ar Dhea-Ghnás bliantúil. Mar an gcéanna, tá an fhaisnéis atá sa tuarascáil ábhartha do na Ranna Rialtais éagsúla a oibríonn le húdaráis áitiúla, agus leis an bpobal i gcoitinne, a mbíonn tionchar ag caighdeán an tseachadta seirbhíse údaráis áitiúil orthu.

Bailíonn CNFI sonraí freisin ó ghníomhaireachtaí seachtracha atá lasmuigh de shainchúram na n-údarás áitiúil. Is fiú a thabhairt faoi deara nach raibh sonraí le fáil maidir le trí tháscaire feidhmíochta.

Le haghaidh thuarascáil 2021, chuir CNFI dhá tháscaire tástála breise leis chun sonraí a thaifeadadh i réimsí an Athraithe Aeráide agus na Forbartha Eacnamaíochta. Déanfar athbhreithniú ar na sonraí seo chun aird a tharraingt ar aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis an táscaire agus beidh siad mar chuid de thuarascáil na bliana seo chugainn.

Athbhreithnithe ar Tháscairí:

**Tríd is tríd, tá feidhmíocht fheabhsaithe léirithe ag údaráis áitiúla sna réimsí seo a leanas:**

- Tá méadú tagtha ar leibhéil iniúchta cíosa príobháidí,
- Fuarthas go raibh céatadán na gcásanna Forfheidhmithe Pleanála a réitíodh, agus líon iomlán na gcásanna forfheidhmithe pleanála a dúnadh, níos airde ná riamh,
- Leanadh ar aghaidh ag méadú ar idirbhearta mótarchánach a dhéantar ar líne,
- Tháinig laghdú ar rátaí saoire bhreoiteachta le teastas agus le féintheastas,
- Tháinig ardú ar leibhéil bailithe iasachtaí tithíochta,
- Tháinig laghdú ar easnaimh sa chuntas ioncaim, agus
- Cé go bhfuil feabhas tagtha ar líon na mbóithre áitiúla, neartaithe, athdhromchlaithe agus athshéalaithe i bhformhór na gceantar, tá sé ag teacht le costais mhéadaithe intuartha

## An Próiseas do Thuarascáil 2021

Chun tacú le tiomsú thuarascáil 2021, d'óstáil CNFI ceardlann faisnéise ar líne do Chomhordaitheoirí Sonraí na nÚdarás Áitiúil ar an 23 Feabhra 2022.

Cuireadh treoirlínte Táscaire Feidhmíochta 2021 i láthair agus tugadh míniúcháin ar mhodheolaíocht agus nuashonruithe ar na táscairí. Thug an cheardlann deis freisin do cheisteanna sonracha ó chomhordaitheoirí sonraí na n-údarás áitiúil a phlé.

Tar éis na ceardlainne, d'oibrigh na comhordaitheoirí sonraí lena gcomhghleacaithe údaráis áitiúil faoi seach chun na sonraí a chomhordú de réir na modheolaíochta a leagtar amach sna treoirlínte, agus d'uaslódáil siad na sonraí chuig an gcóras Tuairisceáin Rialtais Áitiúil, ar córas é lena gceadaítear bailíochtú sonraí agus malartú idir earnálacha rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí rialtais. Ina dhiaidh sin, rinne Rúnaíocht CNFI athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar na sonraí i gceist.

In ainneoin go raibh go leor údarás áitiúil ag comhlíonadh an spriocdháta, b'éigean an spriocdháta do chóras TF Tuairisceáin an Rialtais Áitiúil a shíneadh go dtí Dé hAoine an 20 Bealtaine 2022 chun éascú a dhéanamh ar údaráis áitiúla áirithe, nach raibh in ann, ar chúiseanna éagsúla, cloí leis an dáta deiridh.

Bhí tionchar ag an síneadh seo ní hamháin ar thús sheiceáil na sonraí ach freisin ar na fiosrúcháin iniúchóireachta comhthorthacha agus ar an dáta ar foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún meáite ar chloí leis an scoithdháta i dtuarascáil 2022 agus beidh sé seo mar chuid de cheardlann na dTreoirlínte a bheidh ar siúl in 2023.

Ó Mheitheamh go Lúnasa 2022, rinne CNFI na sonraí a bhailíochtú agus a iniúchadh.

Bhí an próiseas bailíochtaithe comhsheasmhach i ngach ceann de na sé údarás áitiúla, bhí clár oibre agus formáid na gcruinnithe cosúil leis na ceisteanna a cuireadh.

## Táscairí Feidhmíochta Bailíochtaithe in 2022 do Thuarascáil 2021

| Uimh. | Táscaire | Teideal |
|---|---|---|
| 1 | H4 | Costais Dhíreacha a ghabhann le Cothabháil Tithíochta |
| 2 | P2 | Líon/céatadán de chinntí pleanála daingnithe ag an mBord Pleanála |
| 3 | Y1 | Rannpháirtíocht sa scéim Comhairle na nÓg |
| 4 | J2 | Dearbháin um Thrádáil ar Líne |
| 5 | F3 | Céatadán ama inar freastalaíodh ar láithreacha |
| 6 | R3 | Céatadán na n-idirbheart Mótarchánach a rinneadh ar líne |

## Údaráis Áitiúla Bailíochtaithe in 2022 do Thuarascáil 2021

| Uimh. | Údarás Áitiúil | Dáta |
|---|---|---|
| 1 | Comhairle Contae Dhún Laoighaire - Ráth an Dúin | 30 Meitheamh 2022 |
| 2 | Comhairle Contae Chorcaí | 1 Iúil 2022 |
| 3 | Comhairle Contae Mhaigh Eo | 4 Iúil 2022 |
| 4 | Comhairle Contae Chill Chainnigh | 15 Iúil 2022 |
| 5 | Comhairle Contae an Longfoirt | 18 Iúil 2022 |
| 6 | Comhairle Contae Chill Mhantáin | 27 Iúil 2022 |

Ba mhaith le CNFI buíochas a ghabháil le Rúnaíocht CNFI, le comhordaitheoirí na n-údarás áitiúil a d'eagraigh na cuairteanna agus leis na Príomhfheidhmeannaigh agus baill foirne eile de chuid an údaráis áitiúil a bhuail le comhaltaí CNFI le linn na gcuairteanna. Tugadh faoi deara sa tuarascáil go bhfuil CNFI sásta go ginearálta le bailíocht sonraí gach údaráis áitiúil. Tá an tuarascáil seo ar fáil ina hiomláine ag **www.noac.ie**

**Áirítear leis na teachtaireachtaí eochracha 2021:**

### H6: Daoine Fásta Gan Dídean Fadtéarmacha

Léirigh figiúirí 2021 gur tháinig méadú 9.18% go 6,292 ó 5,763 in 2020 ar líon na ndaoine fásta gan dídean a bhí i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2021. Mhéadaigh líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála a bhí gan dídean go fadtéarmach (mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála) go 55.55% in 2021, ó 27.62% in 2020. D'admhaigh an Coimisiún gur léirigh laghdú suntasach ar líon na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála le linn dhianghlasáil Covid-19 in 2020.

Thug an figiúr do 2019 treocht níos cruinne, áit a raibh 6,329 duine fásta i gcóiríocht éigeandála, sin 61.59% d'iomlán na ndaoine fásta gan dídean.

### R3: Céatadán (%) na n-idirbheart Mótarchánach a rinneadh ar líne.

Bhí sé seo ar cheann de na táscairí bailíochtaithe agus bhí CNFI sásta a thabhairt faoi deara gur léirigh gach údarás áitiúil ábhartha méadú ar chéatadán na n-idirbheart mótarchánach ar líne a cuireadh i gcrích, mar a tharla sna blianta roimhe seo. Bhí an céatadán foriomlán is airde d'idirbhearta mótarchánach a cuireadh i gcrích ar líne ag Contae na Mí ag 92.64%.

Taifeadadh an méadú céatadáin ba mhó san Iarmhí ag dul ó 77.11% d'idirbhearta mótarchánach a críochnaíodh ar líne in 2020 go 84.29% in 2021.

**F3: Amanna inar Freastalaíodh ar Láithreacha.**

I gcomparáid le 2020, thug CNFI faoi deara gur mhéadaigh 16 údarás áitiúla an céatadán inar shroich an chéad inneall dóiteáin an láthair i níos lú ná 10 nóiméad i gcás teagmhais dóiteáin. I gcás gach teagmhais éigeandála eile a tharla in 2021, thaifead 14 údarás áitiúla méadú ar an gcéatadán ar freastalaíodh orthu laistigh de 10 nóiméad, i gcomparáid le 2020. I gcás 16 údarás áitiúla, mhéadaigh céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar thóg an chéad fhreastal níos faide ná 20 nóiméad. Chuir CNFI fáilte roimh gach feabhsúchán ar amanna freagartha.

**L2: Costas a ghabhann le Seirbhís Leabharlainne a Oibriú (€).**

Chuir an Straitéis Leabharlainne Poiblí 2018 - 2022 córas náisiúnta nua bainistíochta leabharlainne i bhfeidhm in 2018. Thug sé isteach freisin deireadh a chur le fíneálacha leabharlainne, chomh maith le cur ar chumas úsáideoirí leabharlainne áit ar bith sa tír leabhair nó earraí eile a ordú ó aon leabharlann go náisiúnta. Tugann CNFI faoi deara gníomh i straitéis na Leabharlainne Poiblí chun freastal ar chaiteachas de €4.00 in aghaidh an duine ar stoc nua thar shaolré na straitéise. Creideann an Coimisiún gur gá aird a thabhairt air seo go fóill toisc nár bhain sé an €4.00 riachtanach amach. Tugadh faoi deara gur mhéadaigh an meánchostas in aghaidh an duine chun an tseirbhís leabharlainne a oibriú ó €35.95 in 2020 go €36.92 in 2021. Tháinig laghdú ar líon na gcuairteanna pearsanta leabharlainne agus na leabhar a fuarthas ar iasacht. Tuigeann CNFI go mbeadh tionchar ag na srianta a lean ar aghaidh in 2021 ar na huimhreacha sin. Tugann sé faoi deara freisin go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid dhigiteach na seirbhísí leabharlainne.

**R2: Neartaíodh ciliméadar de bhóithre réigiúnacha le linn 2021, an méid a caitheadh ar an obair sin agus meánchostas aonaid na n-oibreacha sin in Euro in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€/m2).**

Mhéadaigh na ciliméadar de bhóithre réigiúnacha neartaithe ó 362km in 2015 go 414km in 2021. Ag teacht leis seo, mhéadaigh an méid a caitheadh ar obair neartú bóithre réigiúnacha ó €48,078,678 in 2015 go €101,020,010 in 2021. Mhéadaigh na ciliméadar de bhóithre réigiúnacha athshéalaithe ó 350km in 2015 go 476.5km in 2021.

**P3: Céatadán na gcásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh mar a réitíodh.**

Tháinig méadú 22.71% ó 2014 go 2021 ar líon na gcásanna pleanála a tarchuireadh chuig nó a thionscain údarás áitiúil. Tháinig méadú 3.56% ar chásanna pleanála, arna ndúnadh ag údarás áitiúil idir 2014 agus 2021. Mhéadaigh céatadán na gcásanna pleanála a díbríodh ó 2014 go 2021 27.96% thar an tréimhse, agus bhí 2021 ar an gceann is airde go dtí seo ag 52.55%. Thit céatadán na gcásanna sin a dúnadh agus a réitíodh chun sástacht údaráis áitiúil, trí idirbheartaíocht, faoi 21.27%. D'fhan céatadán na gcásanna a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forghníomhaithe sách seasta thar an tréimhse, ag dul ó 41.79% in 2014 go 41.44% in 2021.

**C2: Saoire Bhreoiteachta.**

In 2021, ba é 2.89% an meánráta náisiúnta de laethanta oibre íoctha a cailleadh mar gheall ar shaoire bhreoiteachta le teastas dochtúra íoctha don earnáil. Chuir CNFI fáilte roimh an laghdú seo ar fhigiúirí 2020 (3.01%) agus 2019 (3.71%). Ar leithligh, ba é 0.19% an meánchéatadán náisiúnta de laethanta oibre íoctha, a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta le féintheastas íoctha. Ba laghdú beag é seo ó 2020 nuair a bhí sé 0.20%. Thug CNFI faoi deara gur tháinig laghdú ar shaoire bhreoiteachta le teastas agus le féintheastas le linn na tréimhse faoi athbhreithniú agus, go háirithe, le linn na paindéime in 2020 agus 2021. Mar sin féin, in ainneoin na bhfeabhsuithe sin, thug CNFI faoi deara gur sháraigh 12 údarás áitiúla in 2021 (10 in 2020, 18 in 2019 agus 20 in 2018) a sprioc de 3.5% maidir le saoire bhreoiteachta san earnáil phoiblí.

**M1: Iarmhéid Cuntas Ioncaim.**
Ina Thuarascáil 2020, mhínigh CNFI gur chuir tionchar COVID-19 tuilleadh brú ar airgeadas údarás áitiúil. Leanadh ar aghaidh leis seo ar feadh 2021. Tabhaíodh costais bhreise chun leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí. Bhí tionchar freisin ag an laghdú ar ioncam ó rátaí ar airgeadas údarás áitiúil, in ainneoin deontas a fuarthas ón rialtas láir. Bhí na figiúirí a bhain le 2021 sealadach, toisc nach raibh cuntais iniúchta ó SIRÁ, ag an am, ar fáil nuair a soláthraíodh sonraí an táscaire feidhmíochta. Cé go raibh easnamh sa Chuntas Ioncaim ag ocht n-údarás ag deireadh 2021 (laghdú ó 11 sa 2 bhliain roimhe sin), ba dhíol sásaimh don Choimisiún gur éirigh le gach ceann de na hocht n-údarás a n-easnamh do 2020 a laghdú.

**M2 (A): Achoimre 5 Bliana ar Leibhéil Bailiúcháin Rátaí Tráchtála.**
Bhí áthas ar CNFI a thabhairt faoi deara go bhfaca 28 údarás méadú ar rátaí tráchtála a bailíodh in 2021. Níor tháinig aon athrú ar thrí údarás, agus níor thaifead aon údarás laghdú. Mheas CNFI gur treocht é seo a bhfuil fáilte roimhe agus scrúdóidh an Coimisiún aon fhoghlaim a rachaidh chun tairbhe na hearnála i gcoitinne. Is eol don Choimisiún, áfach, go raibh na húdaráis áitiúla ag fáil deontais rátaí taca chun a chur ar a gcumas seirbhísí a sholáthar le linn na dianghlasála.

**M2 (B): Achoimre 5 Bliana ar Leibhéil Chíosa agus Blianachtaí an Bhailiúcháin.**
Bhí CNFI sásta leis an treocht atá ag dul i bhfeabhas maidir le bailiú cíosanna agus rátaí bailithe blianachtaí.

**J1: Cruthú Fostaíochta.**
Ríomhadh an táscaire Cruthú Fostaíochta go dtí seo ar bhonn "Glanphoist Chruthaithe". In 2021, le cúnamh ó OFÁ, ba é 2,999 líon iomlán na bpost a cruthaíodh go náisiúnta, ag cur caillteanas post san áireamh. Ba mhéadú suntasach é seo ar chruthú fostaíochta i gcomparáid le staid 2020 lúide 1,494.

**J3: Líon na bhfaighteoirí meantóireachta.**
Meaitseálann meantóireacht OFÁ eolas, scileanna, léargais agus cumas fiontraíochta cleachtóirí gnó a bhfuil taithí acu le húinéirí agus bainisteoirí gnóthais bheaga, a dteastaíonn comhairle agus treoir phraiticiúil agus straitéiseach duine le duine dá ngnóthaí. In 2021, bhain 14,149 rannpháirtí leas as meantóireacht OFÁ, laghdú i gcomparáid le huimhreacha 2020.

**Sonraí nach bhfuil ar fáil.**
Ní raibh sonraí ar fáil maidir le trí tháscaire, agus ní raibh dhá cheann acu ar fáil in 2020 ach oiread. Rinne CNFI agus GBRÁ a ndícheall an fhaisnéis seo a bhailiú ó R1 2021 ar aghaidh, ach ní raibh sé ar fáil. Iarradh míniú mionsonraithe maidir leis na nithe seo a leanas:

**H5: Cigireachtaí Earnála Cíosa Príobháidí (A go E).**
In 2021, mar gheall ar athrú reachtach maidir le fad thionóntachtaí Chuid 4 agus saincheisteanna iarmhartacha maidir le tionóntachtaí neamhghníomhacha, ní raibh an BTC in ann na sonraí a sholáthar maidir le líon na dtionóntachtaí san earnáil cíosa phríobháidigh do thuarascáil táscairí feidhmíochta 2021.

**E5: Céatadán Feidhmíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh.**
Bailíonn an UFIÉ sonraí ó údaráis áitiúla gach bliain mar chuid de chlár Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí (M&T). Úsáideann sé na sonraí seo chun coigilteas carnach éifeachtúlachta fuinnimh a ríomh i gcomparáid le bliain bhonnlíne réamhshocraithe 2009, (roghnaigh roinnt údarás áitiúil bonnlíne níos luaithe). Tá sé ráite ag an UFIÉ go raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar úsáid fuinnimh agus ar ghníomhaíocht ar fud na hearnála poiblí do 2020 agus 2021. Mar sin ní dócha go dtabharfadh na figiúirí feidhmíochta éifeachtúlachta fuinnimh léiriú cothrom d'údaráis áitiúla do na blianta seo. Dá bharr sin, níor sholáthair UFIÉ na sonraí ábhartha don tuarascáil seo.

**W1: Céatadán (%) uisce óil i scéimeanna príobháideacha lena gcomhlíontar ceanglais reachtúla.**
Ní bhaineann táscaire feidhmíochta W1 ach le hiniúchtaí iarbhír, i.e., nuair a tógadh agus tástáladh sampla chun cáilíocht an uisce a chinneadh. Chuir údaráis áitiúla tuairisceáin mhonatóireachta 2021 faoi bhráid an GCC agus déanann an GCC athbhreithniú ar na torthaí sin go bliantúil. Dúirt an GCC, áfach, nach raibh sonraí achoimre do 2021 ar fáil (ag an am) toisc go raibh athbhreithnithe inmheánacha á dtabhairt chun críche sular foilsíodh na sonraí i gcomhar lena Thuarascáil Bhliantúil: Cáilíocht an Uisce Óil i nGrúpscéimeanna Príobháideacha agus i Soláthairtí Beaga Príobháideacha 2021. An W1: Ní raibh an céatadán uisce óil i scéimeanna príobháideacha a chomhlíon sonraí na gceanglas reachtúil ar fáil freisin le cur san áireamh i dTuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2020 de chuid CNFI. Beidh athbhreithniú á dhéanamh ag CNFI ar tháscairí, i gcás ina bhfuil gá le sonraí ó ghníomhaireachtaí seachtracha, chun oiriúnacht an táscaire lena úsáid sa todhchaí a chinneadh.

Ar deireadh, cuireadh dhá Tháscaire tástála breise leis ar bailíodh sonraí ina leith in 2021. Déanfar iad seo a athbhreithniú agus a thuairisciú ó 2022, mura bhfuil aon athruithe ag teastáil:

- E7: Athrú Aeráide
- J5: Forbairt Eacnamaíoch

**Le haghaidh thuarascáil 2021, chuir CNFI dhá tháscaire tástála breise leis chun sonraí a thaifeadadh i réimsí an Athraithe Aeráide agus na Forbartha Eacnamaíochta.**

## Anailís Treochtaí

Thug an fhaisnéis a bailíodh san ochtú Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta de chuid CNFI dóthain deiseanna chun treochtaí i sonraí a athbhreithniú agus chun aird a tharraingt ar na hathruithe a tugadh faoi deara agus iad a phlé. Is féidir le hanailís treochtaí a bheith luachmhar mar tháscaire luathrabhaidh ar fhadhbanna féideartha. Is féidir leis a thaispeáint freisin cá bhfuil feabhsuithe déanta bliain ar bhliain. Seo thíos cuid de na treochtaí a leagadh amach sa tuarascáil:

## Tithíocht

Scrúdaíodh sonraí maidir le húinéireacht áiteanna cónaithe don tréimhse ó 2017 go 2021 agus léirigh siad méadú 5.72% ar 'úinéireacht thús bliana' thar an tréimhse, agus méadú 6.06% ar 'úinéireacht dheireadh na bliana', thar an tréimhse chéanna.

D'fhan an meánchéatadán náisiúnta d'áiteanna cónaithe na n-údarás áitiúil a bhí folamh ag deireadh na bliana sách seasta ag thart ar 3% thar an tréimhse ó 2015 go 2021. Mar sin féin, ba léir go raibh údaráis áitiúla ag gabháil go gníomhach le bearta chun céatadán na n-áiteanna cónaithe a laghdú i gcomparáid leis an stoc iomlán gach bliain.

Ar an iomlán, ó 2014 go 2021 bhí an t-am a thógann sé chun áit chónaithe a ligean ar cíos arís fós idir 31 agus 35 seachtain. Mar sin féin, tá méadú 70% tagtha ar na costais a bhaineann le háit chónaithe a ligean ar cíos arís sa tréimhse chéanna, ag dul ó €11,535 in 2014 go €19,653 in 2021. Bheadh tionchar ag na dúshláin a chruthódh COVID-19 in 2020 agus in 2021 ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil faoin táscaire seo le daoine nach bhfuil in ann oibriú i ngrúpaí beaga, gan bheith in ann taisteal le chéile agus ábhar deacair a fháil.

Tháinig laghdú 9.60% ó 2014 go 2021 ar an meánchaiteachas ar dheisiú agus ar chothabháil áit cónaithe le linn na tréimhse. Le linn na tréimhse sin bhí buaicphointe de €1,506.02 in 2016.

Sa tréimhse 2016 go 2021, bhí méadú 14% ar líon na n-áiteanna cónaithe a fuarthas a bheith neamhchomhlíontach. Tháinig laghdú 30.54% ar líon na n-áiteanna cónaithe in 2021 a tháinig chun bheith comhlíontach i rith na bliana ag 5,140 i gcomparáid le 7,400 in 2020, le buaicphointe 9,326 in 2019.

Ar deireadh, sa tréimhse ó 2014 go 2021, tháinig méadú 8.82% go 55.55% in 2021 ar líon na nDaoine Fásta a bhí gan Dídean go fadtéarmach.

## Bóithre

Chuir CNFI fáilte roimh an treocht lena léirítear céatadán an-ard agus méadaitheach de bhóithre a ndearnadh suirbhé orthu. Mar sin féin, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh ceanglas na Roinne Iompair do na tréimhsí sonraithe bainte amach go fóill.

Mhéadaigh na ciliméadar de bhóithre réigiúnacha neartaithe ó 362km in 2015 go 414km in 2021. Ag teacht leis seo, mhéadaigh an méid a caitheadh ar obair neartú bóithre réigiúnacha ó €48,078,678 in 2015 go €101,020,010 in 2021. Mhéadaigh na ciliméadar de bhóithre réigiúnacha athshéalaithe ó 350km in 2015 go 476.5km in 2021.

Soláthraíodh sonraí don táscaire seo go díreach ag Aonad Cláraithe Feithiclí na Roinne Iompair sa tSionainn. Go náisiúnta, tá méadú seasta ar idirbhearta mótarchánach ar líne ag dul ó 56.60% in 2015 go 86.18% in 2021.

## Uisce

Maidir leis an gcéatadán uisce óil i scéimeanna príobháideacha lena gcomhlíontar ceanglais reachtúla, ní raibh EPA in ann na sonraí nuashonraithe do thuarascáil 2021 a sholáthar.

Ina theannta sin, maidir le céatadán na scéimeanna cláraithe a ndearnadh monatóireacht orthu, ba tháscaire nua é seo agus bhí sonraí treochtaí teoranta ar fáil chun anailís fiúntach ar threochtaí a dhéanamh i dtuarascáil 2021.

## Dramhaíl/Comhshaol

Leasaigh CNFI a líon nó céatadán na dteaghlach a raibh rochtain acu ar sheirbhís 3 bhosca bruscair do thuarascáil 2020. Bhain 89.36% de theaghlaigh i gceirtleán os cionn 500 leas as seirbhís 3 bhosca bruscair in 2021.

Nuair a bhí sé bunaithe ar theaghlaigh de réir dhaonáireamh 2016, d'ardaigh an treocht gach bliain, ó 22.09% in 2014 go 55.09% in 2021.

Maidir le líon na ngearán maidir le truailliú comhshaoil a dúnadh do na blianta 2015 go 2021, taifeadadh méadú 47.79% ar an meánlíon náisiúnta de ghearáin ó údaráis áitiúla ó 2015 go 2021, nó ó 1,780 go 2,631 chás. Mhéadaigh meánlíon na gcásanna a dúnadh faoi 51.20% ó 2015 go 2021. Tháinig méadú faoi dhó ar líon na gcásanna idir lámha ag deireadh na bliana ó 2015 go 2021 ó 142 go 285.

Bhí an céatadán meánach de limistéar údaráis áitiúil laistigh de na cúig leibhéal de shonraí truaillithe bruscair comhsheasmhach don tréimhse 2015 go 2021 agus léirigh sé limistéir bheaga agus measartha truaillithe idir 66% go 64% agus 15% go 13%, faoi seach. Mar sin féin, ní raibh mórán truaillithe suntasacha ann, le huasmhéid de 2% in 2017.

Mhéadaigh leibhéal na gceantar gan aon truailliú ó 14% go 22% le linn na tréimhse.

Tháinig laghdú ar chéatadán na scoileanna ar ar bronnadh stádas an bhrait ghlais ó 51.41% in 2018 go 34.80% in 2021. Ní haon ionadh é seo mar gheall ar dhúnadh scoileanna.

Maidir le soilsiú poiblí, d'ardaigh céatadán an chórais iomláin a léirigh soilse LED ó 38.40% in 2020 go 45.73% in 2021.

## Pleanáil

Clúdaítear le táscairí pleanála CNFI na réimsí rialaithe tógála, achomhairc chuig an mBord Pleanála, cásanna forfheidhmithe, costais seirbhísí pleanála agus Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán.

Leagann an Cód Cleachtais um Iniúchadh agus Deimhniú Foirgnimh agus Oibreacha (An Cód) maidir le hiniúchtaí ar fhoirgnimh nua, a bhfuil fógraí tosaithe bailí faighte ina leith, íosriachtanas 12 – 15%. Ó 2015, tá laghdú tagtha ar an bhfigiúr meánach náisiúnta ó 24% in 2015 go 16.97% in 2021 (15.28% in 2020).

Léirigh líon nó céatadán na gcinntí arna ndeimhniú ag an mBord Pleanála treocht mhéadaitheach sna hachomhairc arna ndeimhniú le méadú 43.83% sa tréimhse 2014 – 2021. Ina theannta sin, tháinig méadú 1.75 pointe céatadáin ar fhigiúr 2014 ar chéatadán na n-achomharc ón mBord Pleanála a sheas le cinntí údaráis áitiúil.

Tháinig méadú 22.71% ó 2014 go 2021 ar líon na gcásanna pleanála a tarchuireadh chuig nó a thionscain údarás áitiúil. Tháinig méadú 3.56% ar chásanna pleanála, arna ndúnadh ag údarás áitiúil le linne na tréimhse idir 2014 agus 2021.

Tháinig méadú 27.96% ar an gcéatadán cásanna pleanála a diúltaíodh ó 2014 go 2021 thar an tréimhse agus bhí 2021 ar an gceann is airde go dtí seo ag 52.55%.

Thit céatadán na gcásanna sin a dúnadh agus a réitíodh chun sástacht údaráis áitiúil trí idirbheartaíocht faoi 21.27%. D’fhan céatadán na gcásanna a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forghníomhaithe sách seasta thar an tréimhse, ag dul ó 41.79% in 2014 go 41.44% in 2021.

Léiríodh méadú foriomlán de 27.21% ó 2014 go 2021 le costas in aghaidh an duine na seirbhísí a chuir údaráis áitiúla ar fáil maidir le seirbhísí pleanála.

Sna cúig bliana ó 2017 go 2021, d’fhan céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas sa bhliain ar cinneadh (deonaithe nó diúltaíodh) laistigh de dhá mhí tar éis iad a fháil, measartha seasta ag díreach os cionn 50%.

## Seirbhísí Dóiteáin

Maidir le hamanna slógtha maidir le teagmhais dóiteáin, léirigh na Stáisiúin Dóiteáin lánaimseartha agus ar áirithíocht feabhsuithe beaga ar na hamanna slógtha. Tháinig feabhas 13 shoicind ar amanna lánaimseartha stáisiúin sa tréimhse ó 2014 go 2021. I gcás stáisiúin ar áirithíocht, tháinig feabhas 13 shoicind freisin ar na hamanna thar an tréimhse chéanna.

Maidir le hamanna slógtha i ndáil le teagmhais eile, léirigh na stáisiúin dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha feabhsuithe beaga ar na hamanna, tháinig feabhas 11 shoicind ar amanna na stáisiún lánaimseartha agus tháinig feabhas 23 soicind ar amanna stáisiúin ar áirithíocht thar an tréimhse chéanna.

Maidir le céatadán na n-amanna freastail maidir le teagmhais dóiteáin ní raibh mórán éagsúlachta ann ó 2014 go 2021. Freastalaíodh ar fhormhór na dteagmhas laistigh de 10 nóiméad, agus laghdaíodh an céatadán ó 58.61% in 2014 go 56.17% in 2021. Maidir leis na teagmhais sin ar freastalaíodh orthu tar éis 20 nóiméad, laghdaigh an céatadán ó 9.13% in 2014 go 7.62% in 2021.

Maidir le céatadáin na n-amanna freastail i ndáil le gach éigeandála eile, tháinig laghdú beag ar na hamanna idir 2014 agus 2021. As na teagmhais ar freastalaíodh orthu laistigh de 10 nóiméad, laghdaigh an céatadán ó 51.68% in 2014 go 44.39% in 2021. I gcás na dteagmhas sin ar freastalaíodh orthu tar éis 20 nóiméad, áfach, b'ionann an céatadán agus 10.90%, rud beag níos ísle ná figiúr 2014 de 10.96%.

I gcás stáisiúin ar áirithíocht, tháinig feabhas 8 soicind ar na hamanna thar an tréimhse chéanna. Maidir le hamanna slógtha i ndáil le teagmhais eile, léirigh na stáisiúin dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha feabhsuithe beaga ar na hamanna, tháinig feabhas 20 soicind ar amanna na stáisiún lánaimseartha agus tháinig feabhas 19 soicind ar amanna stáisiúin ar áirithíocht thar an tréimhse chéanna.

## Seirbhísí Leabharlainne/ Caitheamh Aimsire

Bhí tionchar ag na dúshláin a tháinig roimh COVID-19 in 2020 agus in 2021 ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil faoin táscaire seo. Mar gheall ar bhearta sláinte poiblí, b'éigean leabharlanna a dhúnadh ar feadh tréimhse shuntasach. Tharla athoscailt ar bhonn toilleadh laghdaithe le rochtain teoranta. Bhí sé seo soiléir sa laghdú suntasach ar chuairteanna leabharlainne in aghaidh an duine den daonra ó 3.57 in 2019, 1.05 in 2020 go 0.86 in 2021.

Tháinig laghdú 41.69% ar líon na n-earraí a eisíodh chuig úsáideoirí leabharlainne ó 2015 go 2021 agus míníodh é mar gheall ar mhéadú ar íoslódálacha digiteacha agus ar úsáideoirí ‘neamhshannta’.

Tháinig ardú 23% ar an meánchostas náisiúnta in aghaidh an duine ar Sheirbhís Leabharlainne a reáchtáil in údarás áitiúil thar an tréimhse agus léirigh sé sin méadú costais do gach bliain.

## An Óige/Pobal

Mhéadaigh an meánchéatadán náisiúnta de scoileanna áitiúla a bhí páirteach sa Scéim Chomhairle Óige Áitiúil/Chomhairle na nÓg ó 51.86% go 63.25% thar 2014 go 2021.

Tháinig laghdú ó 19.78% in 2015 go 15.97% in 2021 ar an meánchéatadán eagraíochtaí náisiúnta ar Chlár an Chontae ag deireadh na bliana a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den PPN, sin an figiúr ab ísle a taifeadadh.

## Corparáideach

Thit líon na mball foirne Coibhéise Lánaimseartha in údaráis áitiúla ó 2014 go dtí leibhéal íseal in 2015 agus ansin lean sé ag méadú, go bliantúil, go dtí 2021. Ar an iomlán, tháinig méadú 12.56% ar na huimhreacha.

Ó 2014 go 2021, tháinig laghdú 13.58% ar an meánchéatadán de laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar shaoire dheimhnithe. Ba é an buaicphointe le linn na tréimhse seo ná 3.78% in 2017 agus 2018. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú 52.5% ar an gcéatadán de laethanta oibre íoctha a cailleadh mar gheall ar asláithreacht bhreoiteachta le féintheastas.

Ó 2014 go 2021, tháinig méadú 41% ar úsáid shuíomh gréasáin na n-údarás áitiúil thar an tréimhse iomlán. Ó 2015 i leith, tháinig méadú breis is 500% ar líon iomlán na leantóirí do chuntais meán sóisialta na n-údarás áitiúil thar an tréimhse iomlán. Léirigh an figiúr seo tábhacht mhéadaitheach na meán sóisialta thar roinnt ardán mar chuid den phacáiste iomlán cumarsáide.

Ó 2015, tháinig méadú 31% ar an gcaiteachas ar TFC in aghaidh an CL agus, seachas titim in 2016, ba mhéadú bliain ar bhliain é thar an tréimhse sin.

Tar éis ardú ó 1.75 in 2018 go 1.80 in 2019, thit costas foriomlán TFC mar chomhréir den chaiteachas ioncaim go 1.52 in 2020 agus mhéadaigh sé arís go 1.71 in 2021.

## Airgeadas

Mhéadaigh iarmhéid an chuntais ioncaim náisiúnta thar na 31 údarás áitiúil ó 2016 ó €29.24m go €77.34m in 2021. Ba fheabhsú suntasach é seo thar an tréimhse.

Ó 2016, mhéadaigh an barrachas nó an t-easnamh carnach mar chéatadán den ioncam iomlán go náisiúnta ó 0.68% go 1.24% in 2021. Ba iad na húdaráis áitiúla sin a raibh easnaimh acu a rinne iarrachtaí dírithe chun iad a laghdú ba chúis leis an treocht seo. Léirigh sonraí maidir le caiteachas ioncaim in aghaidh an duine méadú 55.37% thar an tréimhse go dtí 2021 (€1,308.21).

Ó 2016 i leith, mhéadaigh an céatadán meánach náisiúnta rátaí tráchtála a bailíodh i mbliain go dtí 2019 agus ansin thit siad go 77.10% in 2020, roimh ardú go 84% in 2021. Laistigh den fhigiúr náisiúnta, bhí treochtaí éagsúil idir údaráis áitiúla. Ó 2016 i leith, tháinig méadú 3% thar an tréimhse go dtí 2021 ar an gcéatadán meánach náisiúnta de chíosanna agus de bhlianachtaí a bailíodh i mbliain.

Laistigh den fhigiúr náisiúnta sin, bhí treochtaí éagsúil idir údaráis áitiúla freisin.

Thug CNFI isteach táscaire nua, Éilimh Dliteanais Phoiblí, i dTreoirlínte 2020. D'fhonn comparáid bliain i ndiaidh bliana a sholáthar, d'iarr CNFI ar Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann (CPÉ), an chuideachta árachais a úsáideann údaráis áitiúla le haghaidh dliteanas poiblí agus údaráis áitiúla go náisiúnta chun sonraí a sholáthar faoi chostais eisíocaíochta do 2018, 2019 agus 2020. D'ardaigh meánchostas in aghaidh an duine maidir le héilimh dliteanais phoiblí ó €11.62 in 2018 go €13.53 in 2019, agus ansin thit sé go €12.21 in 2020. Ba é an meánmhéid a íocadh ar éilimh dliteanais phoiblí in aghaidh an duine in 2021 ná €11.05.

Tugadh isteach táscaire forchostais nua freisin in 2020 agus chonacthas méadú ar an muirear bainistíochta lárnach foriomlán mar chéatadán den chaiteachas iomlán ar chuntais ioncaim ó 9.65% in 2020 go 11.60% in 2021.

## Forbairt Eacnamaíoch

Laghdaigh iomlán náisiúnta na bpost a cruthaíodh le cúnamh ó OFÁ in 2020 go dtí lúide 1,494. Bhí tionchar iomlán ag tionchar Covid-19 ar an bhfigiúr seo. Mar sin féin, cruthaíodh 2,999 post in 2021, rud a bhí díreach faoi bhun an fhigiúr réamh-Covid 2019 de 3,149.

Roimh phaindéim Covid-19, cheadaigh OFÁ 1,100 DTL in aghaidh na bliana ar an meán. Le linn na géarchéime Covid, rinneadh tacaíocht ghnó ríthábhachtach don scéim, chun cabhrú le gnólachtaí beaga maireachtáil le linn na géarchéime seo. In 2020, faomhadh 12,946 DTL, go páirteach mar gheall ar an ráta dearbhán a bheith ag méadú ó 50% go 90% ón 8 Aibreán 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020. Tháinig ráta an dearbháin ar ais go 50% ar an 1 Eanáir 2021, agus laghdaigh líon na ndearbhán a ceadaíodh go 4,450 in 2021.

Le linn na géarchéime Covid, mhéadaigh líon na gcliant a bhain leas as meantóireacht ó 10,000 ar an meán sna blianta roimhe seo go 16,231 in 2020.

Tugadh faoi deara gur dheimhnigh dhá údarás áitiúla nach raibh aon Straitéis Turasóireachta i bhfeidhm acu in 2020 nó 2021. Dheimhnigh na húdaráis eile go bhfuil straitéisí i bhfeidhm.

## Achoimre

Bhí CNFI aireach ar an tionchar diúltach a bhí ag COVID-19 ar údaráis áitiúla in 2020 agus 2021 agus a mhéid a chuir sé isteach ar fheidhmíocht i leith táscairí áirithe.

Go ginearálta, d'admhaigh CNFI feabhsuithe feidhmíochta i dtáscairí éagsúla. I gcás ina mbeadh an fheidhmíocht in olcas, áfach, bheadh an Coimisiún ag súil go ndíreodh údaráis áitiúla ar fheidhmíocht a chobhsú sna réimsí seo agus ag an am céanna an treocht in airde a choinneáil i réimsí eile.

# Seimineár ar Dhea-Ghnás 2022

**D'óstáil CNFI a chúigiú seimineár ar Dhea-Ghnás sa Rialtas Áitiúil, ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 i gCaisleán Chill Chainnigh.**

Is príomhimeacht é an Seimineár don CNFI agus d'údaráis áitiúla araon chun teacht le chéile, cur i láthair agus plé a dhéanamh ar réimsí agus ar thionscadail dea-ghnáis ar féidir leo saol na ndaoine ina bpobail a fheabhsú chomh maith leis an bhféidearthacht tionscadail eiseamláireacha a chur i bhfeidhm in údaráis áitiúla. Reáchtáladh imeacht 2022 mar chuid de sheachtain Nuálaíochta RCPA a d'ardaigh próifíl an imeachta a thuilleadh. Ina theannta sin, bhí ionadaí ó RCPA mar chathaoirleach ar cheann de na seisiúin ar an lá agus tá súil ag CNFI leanúint leis an gcaidreamh seo do Sheimineár na bliana seo chugainn.

Ba iad Malcom Noonan, T.D., Aire Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin, sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Uachtarán ARÁÉ agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh Pat Fitzpatrick a chuir tús leis an Seimineár. D'fhreastail Príomhfheidhmeannaigh, pearsanra rialtais áitiúil agus ionadaithe tofa ó na 31 údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara eile air ar líne agus go pearsanta.

Thaispeáin an t-imeacht féin raon nuálaíochtaí údaráis áitiúil thar réimsí casta suimiúla ar nós dróin, RGCS, pobail inbhuanaithe a thógáil, réitigh a sholáthar do chibearbhagairtí, spreagadh a thabhairt do chomhroinnt réitigh TF, daoine soghonta sa phobal agus géarchéim na hÚcráine.



*Ó chlé go deas: Cathaoirleach CNFI Michael McCarthy, Aire Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin Malcom Noonan T.D., PF Gníomhach Chomhairle Contae Chill Chainnigh Sean McKeown, Fiona Quinn (comhalta CNFI), Paul Dunne PF GBRÁ agus Marianne Cassidy (RCPA).*



**Thug Comhairle Cathrach Chorcaí** cur i láthair ar a hlonaid Anailíse um Roinnt Faisnéise, ar cineál pobail roinnte faisnéise iad, comhdhéanta de ghnáth d'eagraíochtaí san earnáil chéanna. Tá an chéad LCAF Éireannach á bhunú ag an tionscadal, a moladh mar chuid de chibear-sciath an AE atá molta i gCibearstraitéis an AE 2020. Go háirithe, tá feabhas ar an gcinnteoireacht ag gach leibhéal den earnáil cheana féin de bharr feasacht fheabhsaithe ar chibeardhálaí ag an earnáil rialtais áitiúil. Táthar ag feabhsú na tuisceana ar shaolré na gcibeartheagmhais freisin dá bharr.

**Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** cur i láthair maidir le dlús a chur le poitéinseal dróin don rialtas áitiúil. Sheachaid an tionscadal atá i gceist roinnt torthaí amhail ábhair oiliúna chun scileanna foirne a fheabhsú maidir le rialáil agus comhlíonadh dróin, uirlisí chun tacú le cosaint sonraí, tuarascálacha dea-ghnáis idirnáisiúnta agus suirbhé náisiúnta le breis agus 900 freagróir chun tuiscint níos fearr a fháil ar mheon an phobail maidir le feidhmeanna dróin. Tá an poitéinseal ag an teicneolaíocht seo feabhas a chur ar oibríochtaí agus tacú leo i réimsí amhail práinnfhreagairt, suirbhéireacht agus mapáil, pleanáil agus forfheidhmiú agus monatóireacht ar thrácht agus ar an gcomhshaol.

**D'úsáid Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh** a taithí ar threoirlínte, prionsabail agus reachtaíocht RGCS a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta trí mheán TCI chun breathnú ar réitigh nuálacha ar chleachtais chaighdeánacha oibre. Tá an Chomhairle ar aistear chun réitigh nua-aimseartha a thabhairt chun solais chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le rialachas sonraí agus próisis. Is éard atá i gceist leis seo ná dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo próisis oibre in-athdhéanta a uathoibriú agus an cumas acu acmhainn an lucht oibre a scaoileadh agus dea-ghnásanna phríobháideachta sonraí a ghaibhniú.

**Thug Comhairle Contae Thiobraid Árann** breac-chuntas ar an Lárionad Barr Feabhais um Fhuinneamh Inmharthana a fhéachann le ceathrú uirbeach athghiniúna taispeántóir a sheachadadh trí Fhoirgneamh Íocónach a chruthú a fheidhmeoidh mar eiseamláir de phobal ísealcharbóin atá acmhainneach ó thaobh aeráide de. Cuirfidh an Cheathrú nua comhtháthú nuálaíoch na pleanála spásúlachta agus fuinnimh i bhfeidhm, ag baint leas as fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí tógála éighníomhacha, ag soláthar bonneagair iompair inbhuanaithe agus spásanna oscailte gníomhacha le han-chuid bithéagsúlachta. Tacóidh sé seo, dá réir sin, le spriocanna an Rialtais a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus bainfear amach astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050.

**Thug Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** cur i láthair eolasach ar a tionscadal "Build-to-Share". Tá an coincheap "Build-to-Share" ina bhunchloch i Straitéisí TFC náisiúnta agus earnála mar gheall ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a thógtar réitigh dhigiteacha agus nuair a dhéantar iad a roinnt go héasca le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cur chuige a bhunú maidir le córais dhigiteacha, struchtúir rialachais leanúnacha agus modh chun réitigh a thaispeáint a fhorbairt ionas gur féidir le húdaráis áitiúla iad a ghlacadh más mian leo, rud a cheadaíonn buntáistí soiléire d'údaráis áitiúla agus don phobal.

**Mhínigh Comhairle Contae Liatroma** a feidhmchlár "Leitrim Connected" lena gceanglaítear cumarsáidí ó Chomhairle Contae Liatroma, ó Sheirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, ón nGarda Síochána, agus ó ghrúpaí foláirimh phobail. Tá sé beartaithe ag an tionscadal príomhfhaisnéis éigeandála agus neamhéigeandála a chur in iúl don phobal mór i gcoitinne ar bhealaí éagsúla. Is féidir foláirimh a dhíriú ar roinnt critéar amhail ceantar pobail, fad ó shuíomh, pasáiste etc. a bhfuil buntáistí soiléire ag baint leis don phobal chomh maith le rannpháirtíocht mhéadaithe le pobail.




Bhí cur i láthair **GBRÁ** bunaithe ar fhreagairt an údaráis áitiúil ar ghéarchéim dhaonnúil na hÚcráine. Go háirithe, tá tacaíocht shuntasach curtha ar fáil ag údaráis áitiúla chun freagairt do riachtanais chóiríochta agus eile na ndaoine a thagann ón Úcráin i réimsí amhail ionaid éigeandála a sholáthar, fóraim phobail a mhéadú agus a chinntiú go gcuirtear fáilte roimh chohóirt leochaileacha isteach i bpobail. Mar chuid den chur i láthair, thug **Dún Laoghaire-Ráth an Dúin** breac-chuntas ar na dúshláin, an obair chrua agus an scéal daonnúil a bhain le hIonad Scíthe Sealadach Réigiúnach Bhaile Uí Ógáin a bhunú.

**Tá gach cur i láthair, lena n-áirítear físeáin agus sleamhnáin ar fáil ar ár suíomh gréasáin CNFI**

**www.noac.ie**




## Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2021: Tuarascáil Uimh 51

D'fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cód Caiteachais Phoiblí agus baineann sé le gach comhlacht poiblí a fhaigheann cistí poiblí. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn caitheamh go cúramach le cistí poiblí agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh RCPA an ceathrú leagan de na Ceanglais um Dhearbhú Cáilíochta an Chód Caiteachais Phoiblí – Treoirnóta don Earnáil Rialtais Áitiúil.

Toisc go dtagann maoiniú údarás áitiúil ó roinnt foinsí, lena n-áirítear deontais ó roinnt Ranna Rialtais, socraíodh gur cheart go mbeadh Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil aonair freagrach as na ceanglais um dhearbhú cáilíochta a chomhlíonadh agus gur cheart a dtuarascálacha a chur isteach chuig CNFI lena n-ionchorprú i dtuarascáil ilchodach don earnáil rialtais áitiúil.

D'eisigh CNFI litir an 8 Márta 2022 chuig Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil agus d'iarr sé orthu a dtuarascálacha um Dhearbhú Cáilíochta 2021 a chur isteach faoin 27 Bealtaine 2022. Síneadh an spriocdháta sin níos déanaí go dtí an 31 Bealtaine 2022.

NOAC National Oversight and Audit Commission

**As na 31 údarás áitiúil, chuir 27 a dtuarascálacha isteach faoin spriocdháta. Tá na cúig chéim seo a leanas sa cheanglas tuairiscithe um Dhearbhú Cáilíochta:**

**1** Ba cheart d'údaráis áitiúla fardal de thionscadail/cláir a dhréachtú ag na céimeanna éagsúla de Shaolré an Tionscadail, maidir le gach tionscadal caiteachais caipitil agus reatha ar luach níos mó ná €0.5m.

**2** Deimhnigh foilsiú faisnéise achomair ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil ar gach soláthar os cionn €10m a bhaineann le tionscadail atá ar bun nó a críochnaíodh sa bhliain faoi athbhreithniú agus cuir nasc chuig an suíomh gréasáin ábhartha ar fáil.

**3** Comhlánaigh na seacht seicliosta sonraithe. Ní theastaíonn ach seicliosta amháin de gach cineál in aghaidh an údaráis áitiúil agus ní gá ceann amháin do gach tionscadal/clár. Bunófar comhlánú na seicliostaí ar shampla cuí de na tionscadail/réimsí caiteachais a bhaineann leis an seicliosta sin.

**4** Athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thionscadail/cláir roghnaithe ionas, thar thréimhse 3-5 bliana, go mbeidh gach céim de shaolré an tionscadail agus gach scála tionscadail faoi réir scrúdú níos géire. Ní mór gurbh ionann tionscadail ioncaim a roghnaítear le haghaidh athbhreithniú domhain agus íosmhéid de 1% de luach iomlán na dtionscadal ioncaim go léir san fhardal, agus is é an ceanglas maidir le tionscadail chaipitil ná 5% de luach iomlán na dtionscadal caipitil go léir san fhardal.

**5** Críochnaigh tuarascáil achomair gearr ina mbeidh an fardal, tagairt soláthair agus seicliostaí dá dtagraítear i gcéimeanna 1 go 3 agus breithiúnas an údaráis áitiúil maidir le leordhóthanacht na hoibre breithmheasa/pleanála, cur i bhfeidhm nó athbhreithnithe a scrúdaigh sé mar chuid de chéim 4. Tá gá freisin leis na fáthanna ar thug sé an breithiúnas sin agus a mholtaí chun aon easnamh a aimsíodh le linn an phróisis um dhearbhú cáilíochta ar fad a leigheas.

Dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh 29 Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta agus dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh Gníomhacha/Eatramhach dhá Thuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta. Éilíonn an Cód go bhfoilseofar na tuarascálacha um Dhearbhú Cáilíochta ar shuíomh gréasáin na heagraíochta. Chloígh gach ceann de na 31 údarás áitiúil leis an méid sin.

Thiomsaigh agus d'fhoilsigh WG4 an t-ochtú tuarascáil faoin gCód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil i mí na Samhna 2021.

Tá an tuarascáil iomlán agus tuarascálacha na bliana roimhe seo ar fáil ar www.noac.ie

# Rannpháirtíocht CNFI

### Rannpháirtíocht le hionadaithe ó Choistí Iniúchóireachta éagsúla na n-údarás áitiúil

Tá creideamh daingean i gcónaí ag CNFI dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála rialtais áitiúil agus in 2022 leanadh den iarracht sin. I mí Lúnasa 2022, d'óstáil CNFI ceardlann de chuid an Choiste Iniúchóireachta inar tugadh le chéile ionadaithe ó choistí iniúchóireachta éagsúla na n-údarás áitiúil, SIRÁ agus CNFI. Tugtar deis leis an ócáid forbhreathnú a sholáthar ar obair CNFI, coistí iniúchóireachta na rialtas áitiúil agus SIRÁ chomh maith le deis a thabhairt do phlé oscailte ar na príomhdhúshláin agus rioscaí atá os comhair na hearnála rialtais áitiúil.

### Cruinniú le hionadaithe chomhaltaí tofa an rialtais áitiúil

Bhuail an Mheitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil le hionadaithe ó ARÁÉ, lena n-áirítear Uachtarán ARÁÉ, i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun obair CNFI a phlé, forbhreathnú a fháil ar ARÁÉ agus réimsí ina bhféadfaí tuilleadh rannpháirtíochta a shocrú le comhaltaí ARÁÉ. Go háirithe, bhí an dá ghrúpa ag iarraidh cur leis an gcruinniú a bhfuiltear ag súil go mbeidh tuilleadh rannpháirtíochta ann in 2023 mar thoradh air.

### Cruinniú le GBRÁ

Bhuail an Mheitheal um Chumarsáid agus Suirbhé Custaiméirí le GBRÁ dhá uair chun an Suirbhé Custaiméirí bliantúil ar Rialtas Áitiúil a phlé mar chuid dá ról maoirseachta ina leith sin. Thug na cruinnithe seo deis do CNFI ionchur a sholáthar don suirbhé agus tuiscint níos fearr a fháil ar an bpróiseas atá á dhéanamh ina fhorbairt.

### Rannpháirtíocht le hionadaithe na n-údarás áitiúil atá freagrach as Pleanáil Chorparáideach

I mí na Samhna 2022, d'óstáil CNFI imeacht Pleanála Corparáidí inar bhailigh ionadaithe ó na húdaráis áitiúla éagsúla atá freagrach as pleanáil chorparáideach chun dea-ghnás a phlé maidir le cruthú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm pleananna corparáideacha. Bhí plé painéil i gceist leis an imeacht freisin le hionadaithe ó ARÁÉ, roinnt údarás áitiúil, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus comhairleoirí a bhfuil saineolas acu sa réimse seo.

### Freastal ar Chomhchoiste an Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

I mí na Bealtaine 2022, d'fhreastail Cathaoirleach CNFI ar Chomhchoiste an Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht chun Tuarascáil Bhliantúil 2021 CNFI a phlé. Pléitear sa chruinniú obair CNFI le linn 2021 agus cuireadh sonraí ar fáil maidir le CNFI, a ról i leith coistí iniúchóireachta rialtais áitiúil agus Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil. Ina theannta sin, phléigh an Coiste tuarascálacha a chuir CNFI le chéile i rith na bliana lena n-áirítear táirgeadh a Thuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta agus conas a aibhsítear tuarascálacha den sórt sin don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Nótáladh próiseas grinnscrúdaithe CNFI freisin mar réimse eile a mbíonn CNFI i dteagmháil le húdaráis áitiúla agus a cheadaíonn comparáid agus anailís ar fheidhmíocht. Phléigh an cruinniú rannpháirtíochtaí a bhí ag CNFI in 2021 agus rannpháirtíochtaí leanúnacha in 2022 amhail an cheardlann le comhaltaí na gcoistí iniúchóireachta agus le ARÁÉ.




*Ó chlé go deas: Niall Quinn (comhalta boird CNFI), Claire Gavin (Ceann Rúnaíochta CNFI) agus Brian Cawley (comhalta boird CNFI).*

# Acmhainní agus Caiteachas

**Tugann Rúnaíocht tacaíocht do CNFI, le coibhéis lánaimseartha de 5 bhall foirne. Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an fhoireann ar fáil.**

Tá CNFI maoinithe ón gCiste Rialtais Áitiúil agus b'ionann a leithdháileadh ón gCiste sin in 2022 agus €350,000.

## Caiteachas

Ba é caiteachas CNFI do 2022 ná €132,574.24 a tabhaíodh mar seo a leanas;




| | |
|---|---|
| Táillí Comhalta (ÁSPC san áireamh) | €70,333.74* |
| Taisteal agus Cothú | €13,773.81** |
| Tuarascálacha CNFI | €21,598.80 |
| Ceardlanna CNFI | €13,026.04 |
| Cumarsáid | €10,491.90 |
| Brandáil CNFI | €2,343.15 |
| Eile (Costais Ilghnéitheacha) | €1,006.80 |
| **IOMLÁN** | **€132,574.24** |

Measann na comhaltaí gur léargas fírinneach cóir é an ráiteas caiteachais seo ar chaiteachas CNFI le linn 2022.

**Is iad na táillí bliantúla atá iníoctha le comhaltaí CNFI, gan Oifigeach an Aire san áireamh: Comhalta: €7,695. Cathaoirleach: €11,970.*

*** Íoctar costais taistil agus chothaithe arna dtabhú ag rátaí caighdeánacha na státseirbhíse.*

# Aguisíní

# Aguisín 1:

## Téarmaí Tagartha CNFI

Bunaíodh CNFI faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, le héifeacht ón 1 Iúil 2014. Tá réimeas rialachais chorparáidigh glactha ag CNFI i gcomhréir leis an dea-ghnás.

Is é cuspóir an doiciméid seo ná téarmaí tagartha CNFI a leagan amach. Tá na téarmaí tagartha seo, arna bhfaomhadh ag CNFI an 4 Iúil 2017, i bhfeidhm ón 1 Iúil 2017.

### 1. Comhaltas

Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapfaidh comhaltaí CNFI de réir Alt 126H den Acht. Tá an Coimisiún comhdhéanta de 6 chomhalta ar a laghad.

Níl de cheart ag ach comhaltaí CNFI freastal ar chruinnithe Boird. Féadfar cuireadh a thabhairt, áfach, d'fhoireann na rúnaíochta agus do dhaoine aonair eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith, de réir mar is cuí nó nuair is gá.

Is ar feadh tréimhse suas le 5 bliana a bheidh na ceapacháin chuig CNFI, agus féadfar an tréimhse sin a fhadú ar feadh tréimhse amháin eile suas le 5 bliana.

Nuair a bheidh an Cathaoirleach as láthair, aontóidh na comhaltaí eile a bheidh i láthair duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

### 2. Rúnaíocht CNFI

Cinnteoidh rúnaíocht CNFI go bhfaighidh na comhaltaí faisnéis agus páipéir go tráthúil ionas gur féidir breithniú iomlán agus ceart a dhéanamh ar na saincheisteanna.

Tá an rúnaíocht freagrach freisin as ionduchtú foirmiúil chomhaltaí nua CNFI agus as meantóireacht a eagrú do chomhaltaí nuair is gá.

### 3. Córam

4 chomhalta an córam is gá chun gnó a dhéanamh. Beidh cruinniú arna chomóradh go cuí de CNFI ag a mbeidh córam i láthair inniúil ar na húdaráis, na cumhachtaí agus na discréid go léir nó aon cheann díobh a fheidhmiú is infheidhmithe ag CNFI.

### 4. Minicíocht na gCruinnithe

Tiocfaidh CNFI le chéile 8 n-uaire sa bhliain ar a laghad, agus de réir mar a éilítear a mhalairt.

### 5. Fógra Cruinnithe

Déanfaidh an rúnaíocht cruinnithe CNFI a ghairm arna iarraidh ag an gCathaoirleach.

Más féidir in aon chor, cuirfear fógra faoi gach cruinniú ina ndeimhneofar an t-ionad, an t-am agus an dáta, mar aon le clár oibre de na míreanna a bheidh le plé, chuig na comhaltaí tráth nach déanaí ná dhá lá oibre roimh dháta an chruinnithe.

Seolfar páipéir thacaíochta chuig na comhaltaí ag an am céanna.

## 6. Miontuairiscí Cruinnithe

Scríobhfaidh an rúnaíocht miontuairisc ar imeachtaí, ar phléití agus ar chinntí chruinnithe uile CNFI, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a bheidh i láthair a thaifeadadh.

Scaipfear miontuairiscí chruinnithe CNFI ar na comhaltaí go léir le faomhadh ag an gcéad chruinniú eile de chuid CNFI.

## 7. Dualgais

Is í an rúnaíocht a dhéanfaidh CNFI a reáchtáil ó lá go lá agus tabharfaidh sí tuairisc ar an obair de réir mar is iomchuí trí ríomhphost agus ag cruinnithe CNFI.

Cuirfidh na comhaltaí comhairle agus tacaíocht ar fáil don rúnaíocht.

Deimhneoidh CNFI dó féin go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta.

Coinneoidh CNFI é féin cothrom le dáta agus go hiomlán ar an eolas faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a bhfuil tionchar acu air agus ar an gcomhshaol ina bhfeidhmíonn sé.

Áiritheoidh CNFI go bhfaighidh comhaltaí, ar a gceapadh, litir cheapacháin fhoirmiúil ina leagfar amach go soiléir an méid a bhfuiltear ag súil leis ó thaobh tiomantas ama, seirbhís foghrúpa agus rannpháirtíocht lasmuigh de chruinnithe CNFI.

Féadfaidh CNFI, ó am go ham, foghrúpaí CNFI den sórt sin is gá a bhunú chun cabhrú lena chuid dualgas a chomhlíonadh. Féadfaidh siad comhaltaí nach comhalta CNFI iad a áireamh má tá gá le sainscileanna. Nuair a chuirtear foghrúpa i bhfeidhm:

- Sonrófar na téarmaí tagartha i scríbhinn agus formheasfaidh CNFI iad agus athbhreithneofar iad go bliantúil;
- Déanfaidh CNFI, ar ainmniúchán an Chathaoirligh, a chomhaltaí a cheapadh;
- Gheobhaidh CNFI tuarascálacha ón bhfoghrúpa lena léirítear gníomhaíocht an ghrúpa;
- Cuirfear na prótacail go léir a bhaineann le hoibriú CNFI i bhfeidhm ar fhoghrúpa;
- Scaipfear nótaí cruinnithe an fhoghrúpa ar gach comhalta CNFI.

Déanfaidh CNFI athbhreithniú ar thorthaí a phróisis meastóireachta feidhmíochta a bhaineann le comhdhéanamh CNFI agus le rialachas corparáideach go ginearálta.

Coinneoidh CNFI faoi athbhreithniú forbairtí rialachais chorparáidigh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le heitic) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chomhlacht Stáit, d'fhonn a chinntiú go leanann a bheartais agus a chleachtais rialachais chorparáidigh de bheith ag teacht leis an dea-ghnás.

Áiritheoidh CNFI go gcloítear leis na prionsabail agus forálacha a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (agus aon chóid rialachais chorparáidigh eile a bhaineann leis).

## 8. Freagrachtaí Tuairiscithe

Coinneoidh CNFI an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an eolas, lasmuigh de chleachtadh na Tuarascála Bliantúla, faoi nithe suntasacha a thagann chun cinn laistigh den chomhlacht Stáit.

## 9. Eile

Déanfaidh CNFI athbhreithniú, uair sa bhliain ar a laghad, ar a fheidhmíocht féin, ar a chomhdhéanamh agus ar a théarmaí tagartha féin chun a áirithiú go bhfuil sé ag feidhmiú ar an éifeachtacht uasta agus chun aon athruithe a mheasann sé is gá a chur chun feidhme.

## 10. Údarás

Tá CNFI údaraithe chun, ar a chostas féin, comhairle dhlíthiúil sheachtrach nó comhairle ghairmiúil eile a fháil i gcás ina measann na comhaltaí go bhfuil sé riachtanach a bhfreagrachtaí mar chomhaltaí CNFI a chomhlíonadh.

